



 An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta  
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

## Caidreamh san Ionad Oibre Nótaí Treorach maidir le Foirm Ghearáin a Chomhlánú de Láimh

## Clár Ábhar

Cathain ar cheart duit an Fhoirm seo a úsáid? .....	3
Conas an fhoirm seo a chomhlánú .....	3
Cathain nár cheart an Fhoirm seo a úsáid? .....	3
Conas a oibríonn an Fhoirm? .....	3
Cad a tharlóidh maidir le mo ghearán? .....	4
Cén áit ar féidir liom thuilleadh eolais a fháil? .....	5
A. Sonraí an Ghearánaigh & an Fhreagróra .....	5
B. Pá.....	5
C. Uaireanta Oibre.....	8
D. Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta .....	13
E. Dífhostú Éagórach .....	14
F. Caidreamh Tionsclaíoch .....	15
G. Idirdhealú/Comhionannas .....	15
H. Pionósú / Sceithireacht .....	17
I. Iomarcaíocht .....	23
J. Cosaint Daoine Óga ag an Obair .....	24
K. Fógra Íosta.....	25
L. Aistriú Ghnóthais .....	25
M. Ceadanna Fostaíochta.....	26
N. Obair Téarma Seasta & Obair Pháirtaimseartha.....	26
O. Rannpháirtíocht Fostaithe, Faisnéis agus Comhairliúchán .....	27
P. Saoire Thuismitheoireachta, Chúramóirí, Mháithreachais agus Uchtála .....	28
Q. Obair Ghníomhaireachta.....	30
R. Sonraí faoi do ghearán .....	32
S. Dearbhú & Síniú .....	32

## Cathain ar cheart duit an Fhoirm seo a úsáid?

Más rud é nach bhfuil rochtain agat ar an idirlíon ba cheart duit an fhoirm ghearáin seo a úsáid chun gearáin a dhéanamh chuig na húdaráis ábhartha faoi shárúithe a d'fhéadfadh a bheith déanta ar an reachtaíocht fostaíochta agus comhionannais agus ar ghnéithe áirithe den reachtaíocht chaidrimh thionsclaíoch.

## Conas an fhoirm seo a chomhlánú

Is féidir an fhoirm seo a chomhlánú de láimh, a shíniú agus a chur sa phost. Mar sin féin, le cabhrú leat do ghearán a dhéanamh tá foirm ríomhGhearáin ar fáil ar líne ag [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) freisin. Sa chás sin níl le déanamh agat ach na sonraí atá riachtanach a líonadh isteach agus an cnaipe 'Seol' a úsáid le go seolfar an gearán go leictreonach ar bhealach slán, rúnda chuig seirbhísí do chustaiméirí de chuid caidreamh san ionad oibre.

## Cathain nár cheart an Fhoirm seo a úsáid?

Níor cheart an fhoirm seo a úsáid:

- 1) Nuair atá achomharc á dhéanamh agat in aghaidh breithe nó cinnidh a rinneadh faoin reachtaíocht fostaíochta nó comhionannais nó faoi ghnéithe áirithe den reachtaíocht um chaidreamh thionscail, ([Achomharc a Dhéanamh](#))
- 2) Nuair atá díospóid choiteann á cur ar aghaidh chuig na húdaráis ábhartha le cinneadh a dhéanamh fúithi
- 3) Nuair atá forfheidhmiú bhreithe nó cinnidh á iarradh a rinneadh faoin reachtaíocht fhostaíochta, chomhionannais, stádais chomhionann nó faoi reachtaíocht áirithe um chaidreamh thionsclaíoch. ([Ar Lorg Forfheidhmithe](#))
- 4) Nuair atá gearán a dhéanamh leis an mBinse Comhionannais faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2011 ([Gearán faoi Stádas Comhionann](#))
- 5) Nuair atá gearán a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais faoi alt 20(1) nó faoi alt 20(2) den Acht Caidrimh Thionscail 1969 ([An Chúirt Oibreachais](#))

## Conas a oibríonn an Fhoirm?

Is iad seo a leanas na céimeanna a bhaineann le comhlánú na Foirme:

1. Iarrfar ort sonraí teagmhála agus sonraí áirithe eile a chur ar fáil faoin nGearánach /An Fostaí agus faoin bhFreagróir /An Fhostóir (Féach Cuid A)

2. Iarrfar ort a insint an réimse Ginearálta lena mbaineann an gearán (m.sh. Pá, Uaireanta Oibre, Comhionannas, Dífhostú Éagórach, Cúrsaí Iomarcaíochta, srl.). Tá sonraí faoi uimhreacha na leathanach ábhartha le fáil ar leathanach 1. Ní gá duit ach an chuid ábhartha a chomhlánú. (Féach Codanna B-P)
3. Maidir le gach ceann de na réimsí ginearálta a roghnaíonn tú, iarrfar ort an Ghearán ar leith a roghnú. (m.sh. faoi 'Pá' d'fhéadfá a roghnú nach bhfuarthas duillín pá, nár íocadh an an t-íosráta reachtúil pá, srl.) Tá sonraí na nótaí sa cháipéis seo ar fáil ar fud na foirme.
4. Beidh ort rogha sásaimh amháin a roghnú ansin le haghaidh gach gearáin (m.sh. Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta, An Binse Achomhairc Fostaíochta, An Binse Comhionannais, an Chúirt Oibreachais nó imscrúdú ag Cigire). Tá faisnéis ghinearálta faoi na Comhlachtaí sásaimh le fáil sa doiciméad seo.
5. D'fhéadfaí a iarraidh ort sonraí breise a sholáthar a bheadh riachtanach chun gearáin áirithe a phróiseáil (Féach Cuid Q)
6. Iarrfar ort ansin an gearán a scríobh amach go mion i do chuid focal féin,
7. Ba cheart an Fhoirm Ghearáin a shíniú ansin agus a sheoladh chuig:

**Chaidreamh san Ionad Oibre Seirbhísí do Chustaiméirí**  
**An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta**  
**Bóthar Uí Bhriain**  
**Ceatharlach**

Déan cóipeanna a iniamh, le do thoil, d'aon chomhfhreagras ábhartha idir tú féin agus an freagróir faoin ábhar.

## **Cad a tharlóidh maidir le mo ghearán?**

Gheobhaidh tú admháil ar do ghearán nuair a fhaigheann Caidreamh san Ionad Oibre Seirbhísí do Chustaiméirí é mar aon le huimhir thagartha a ba cheart duit a úsáid i ngach comhfhreagras ina dhiaidh sin.

**Tabhair faoi deara i ngach cás ina ndéanann tú gearán chuig Seirbhís an Choimisinéara um Chearta, an Binse Comhionannais, an Binse Achomhairc Fostaíochta nó chuig an gCúirt Oibreachais go ndéanfar cóip de d'fhoirm ghearáin chomhlánaithe agus de gach comhfhreagras a seoladh ar aghaidh iad chuig na páirtithe lena mbaineann an gearán agus go ndéanfar iad a mhalartú eatarthu.**

I gcásanna áirithe féadfaidh Oifigeach ó **Sheirbhís Luathréitigh** de chuid Caidreamh san Ionad Oibre teagmháil a dhéanamh leis an nGearánach agus leis an bhFreagróir d'fhonn iarracht a dhéanamh an dá pháirtí a spreagadh chun saincheistanna a réiteach agus éascú a dhéanamh ar an scéal mar mhalairt ar éisteacht fhoirmiúil nó iniúchadh.

Má tá an dá pháirtí toilteanach dul i mbun luathréitigh nó má theipeann ar iarrachtaí ar luathréiteach a dhéanamh, déanfar an gearánach a tharchur chuig an bhfóram sásaimh iomchuí (i.e. Seirbhís an Choimisinéara um Chearta, an Binse Comhionannais, an Binse Achomhairc Fostaíochta, Seirbhís Cigireachta an Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta nó an Chúirt Oibreachais).

## Cén áit ar féidir liom thuilleadh eolais a fháil?

Is féidir tuilleadh eolais faoin reachtaíocht maidir le fostaíocht, comhionannas agus caidrimh thionscail a fháil ag [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) nó trí ghlaoch ar an líne faisnéise ag 1890 808090

Tá tagairtí do na nótaí thíos ar fáil ar fud an fhoirm ghearáin féin.

### A. Sonraí an Ghearánaigh & an Fhreagróra

**Nóta A1:** Comhlánaigh réimse seo más rud é go bhfuil an gearán á dhéanamh ag Comhlacht, Comhlacht Ionadaíoch Fostóra nó ag Comhlacht Ionadaíoch Fostaithe (Ceardchumann).

**Nóta A2:** I gcás nach fostaí an gearánach scríobh síos 'Neamhbhainteach'. Más fostaí thú ach nach bhfuil tú ag obair a thuilleadh don fhostóir sin faoina bhfuil tú ag déanamh an ghearáin seo luaigh an post a bhíodh agat nuair a bhí tú fostaithe.

**Nóta A3:** Is gcás gur fhostóir é an Freagróir ní mór duit a chinntiú go bhfuil an fhostóir ainmnithe i gceart. Chun na críche sin ba cheart duit na sonraí a sheiceáil ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie), áit a bhfuil stádas na cuideachta ar fáil freisin m.sh. Faoi Leachtú nó Faoi Ghlacadóireacht. Ba cheart duit d'fhoirm P45 nó P60 nó do Theastas Cánach ÍMAT a seiceáil freisin chun an t-ainm ceart a fháil.

Más oibrí gníomhaireachta thú ba cheart duit sonraí na Gníomhaireachta Fostaíochta a chur ar fáil anseo. Iarrfar ort ag céim níos déanaí sonraí a sholáthar faoin bhfostóir dá bhfuil tú fruilithe ag an ngníomhaireacht fostaíochta.

I gcás inar aistrigh tú ó fhostóir amháin go fhostóir eile faoi Reachtaíocht a bhaineann le Cearta ar Ghnóthais a Aistriú, líon amach sonraí faoi d'fhostóir reatha .i. Sonraí an Fhostóra Nua.

**Nóta A4:** Cuir isteach ainm agus sonraí teagmhála duine éigin i d'ionad oibre ar féidir linn teagmháil a dhéanamh leis nó léi faoi gach rud a bhaineann leis an ngearán seo. Ba cheart go mbeadh an té sin ina (h)oifigeach de chuid na cuideachta.

### B. Pá

**Nóta B1:** Feidhmíonn na **Coimisinéirí um Cheartamar** sheirbhís de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus imscrúdaíonn siad díospóidí, gearáin agus éilimh a bhaineann le cúrsaí fostaíochta a tharchuireann fostaithe aonair nó grúpaí beaga fostaithe chucu. Bíonn na héisteachtaí príobháideach de ghnáth agus eisítear na torthaí mar chinntí nó mar mholtaí neamhcheangailteacha, ag brath ar an reachtaíocht a bhaineann leis an ngearán.

**Nóta B2:** Imscrúdaíonn cigirí an **Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta** gearáin trí chigireachtaí agus trí fhiosrúcháin bhainteacha a dhéanamh. Iarrann na cigirí ar fhostóirí nach gcomhlíonann an reachtaíocht na sáruithe a chur ina cheart (lena n-áirítear, nuair is iomchuí, aon phá neamhíochta atá dlite a íoc). Féadfar imeachtaí ionchúisimh a thionscnamh mura ngéilleann siad don iarratas.

**Nóta B3:** Feidhmíonn an **Chúirt Oibreachais** mar bhinse ar féidir díospóidí a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch agus le cearta agus oibleagáidí áirithe fostaíochta a chur faoina bhráid. Éisteann an Chúirt le dhá thaobh an cháis agus eisíonn moltaí (nó Cinntí nó Orduithe, ag brath ar an gcineál cáis) ina leagtar amach a tuairim faoin díospóid agus faoi na téarmaí lena cheart é a réiteach. De ghnáth ba cheart go mbeadh leas iomlán bainte as socruithe áitiúla le díospóidí a réiteach, agus as córas an Stát um réiteach díospóidí (an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, Seirbhís an Choimisinéara um Chearta) sula thagann cás os comhair na Cúirte Oibreachais.

**Nóta B4:** Cuireann Alt 14 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 teidlíocht ar fáil maidir le ráta pá íosta Náisiúnta in aghaidh na huaire. Le fháil amach cad é an ráta reatha in aghaidh na huaire téigh go dtí an táb faisnéise ag [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie). Faoi Alt 23 den Acht, féadfaidh fostaí ráiteas i scríbhinn a iarraidh óna f(h)ostóir faoina m(h)eánráta pá in aghaidh na huaire.

Tabhair faoi deara nach féidir le duine ar bith ach Coimisinéir um Chearta déileáil le gearán faoin íosráta pá náisiúnta i gcás a) go bhfuil ráiteas faighte ag an ngearánach óna f(h)ostóir faoina m(h)eánráta pá in aghaidh na huaire nó b) gur féidir leis an ngearánaí a thaispeáint gur iarr sé/sí an ráiteas sin, ach nár thug an fostóir dó/di é.

**Nóta B5:** Má tá tú ag déanamh do ghearán le Coimisinéir um Chearta: Ní féidir díospóid a tharchur chuig Coimisinéir um Chearta agus ní féidir leis an gCoimisinéir déileáil léi a) ach amháin má tá (i) ráiteas faighte ag an ngearánach óna f(h)ostóir faoina m(h)eánráta pá in aghaidh na huaire faoi Alt 23 i leith na tréimhse tagartha ábhartha pá nó (ii) tar éis dó/di ráiteas a iarraidh, nár cuireadh ar fáil é, agus nach bhfuil tréimhse 6 mhí caite ón dáta a fuarthas an ráiteas sin, nó am imithe in éag, nó má tá an fostóir á (h)imscrúdú ag cigire.

**Nóta B6:** Má tá ag cur do ghearán chuig an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta lena n-íniúchadh: Ní dhéanfaidh cigire do ghearán a imscrúdú má tá sé curtha ar aghaidh cheana féin chuig Coimisinéir um Chearta nó má rinneadh an íocaíocht níos mó ná 3 bliana roimh dháta na cigireachta.

**Nóta B9:** Tá foráil in Alt 14(1) den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 gur féidir cúiteamh a dhéanamh i leith obair ar an Domhnach trí bhíthin ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a) liúntas a íoc b) ráta pá an fhostaí a mhéadú ar shlí eile nó c) am saor ón obair a dheonú don fhostaí ach pá a bheith ag dul don am saor sin

**Nóta B10:** Tá foráil in Alt 4 den Acht um Íoc Pá 1991 go gcaithfidh fostóirí a shocrú go dtabharfar ráiteas pá i scríbhinn (duillín pá) do gach fostaí le gach íocaíocht phá. Má íoctar pá trí aistriú creidmheasa, ba cheart an ráiteas pá a thabhairt don fhostaí chomh luath agus is féidir i ndiaidh an t-

aistriú creidmheasa a bheith déanta. I ngach cás eile, ní mór an ráiteas pá bheith istigh leis an íocaíocht phá.

**Nóta B11:** Iarrfaidh cigirí ar fostóir cion faoi Alt 4 den Acht um Íoc Pá, 1991 a cheartú. Is féidir fostóirí a dteipeann orthu cloí leis an alt sin a ionchúiseamh.

**Nóta B12:** Forálann Alt 4 den Acht um Íoc Pá, 1991 nach mór a thaispeáint i ngach ráiteas pá (duillín pá) an méid comhlán pá atá iníoctha leis an bhfostaí mar aon le méid agus nádúr gach asbhainte. Tá sé de dhualgas ar an bhfostóir faoin Acht an fhaisnéis atá i ráiteas pá a choinneáil faoi rún. Má tharlaíonn sé go bhfuil earráid nó easnamh i ráiteas pá is ráiteas bailí pá fós é más féidir a thaispeáint go ndearnadh an earráid nó gur fágadh rud ar lár de bharr botúin chléireachais nó go ndearnadh é de thionóisc agus le hintinn mhaith.

**Nóta B13:** Tá sé de chead ag fostóir na hasbhaintí seo a leanas a dhéanamh ó phá an fhostaí: Aon asbhaint a cheanglaítear nó a údaraítear faoin dlí (m.sh. ÍMAT nó ÁSPC), aon asbhaint a údaraítear le téarma de chonradh fostaíochta an fhostaí (m.sh. ranníocaíochtaí pinsin, nó aon ghanntanais airgid sa scipéad) nó aon asbhaintí a bhfuil comhaontaithe déanta roimh ré fúthu i scríbhinn ag an bhfostaí (m.sh. ranníocaíochtaí árachais sláinte, ranníocaíochtaí ballraíochta club spóirt agus club sóisialta). Tá foráil in Alt 5 den Acht um Íoc Pá 1991 nach féidir le fostóir asbhaint a dhéanamh as pá an fhostaí ach amháin (a) má eascraíonn an asbhaint ó aon ghníomh nó neamhghníomh de chuid an fhostaí nó (b) má tá sí i leith earraí nó seirbhísí atá riachtanach don fhostaíocht agus a soláthraigh an fostóir don fhostaí.

**Nóta B14:** Tá foráil in Alt 5 (6) de Acht um Íoc Pá 1991 go gcaithfidh d'fhostóir an pá a íoc atá iníoctha go cúí leis an bhfostaí. Tabhair faoi deara gur cheart gearáin faoi gan pá saoire agus pá Saoire Phoiblí a fháil a dhéanamh sa Réimse Gearán Ginearálta: (C) Uaireanta Oibre.

**Nóta B15:** Sonraítear in Alt 2 den Acht um Íoc Pá, 1991 réimse modhanna atá inghlactha ó thaobh an dlí de chun pá a íoc. Orthu siúd tá: Seic, Ordú Iníoctha, Ordú Poist, Ordú Airgid, Barántas um Ordú Íocaíochta, Aistriú Creidmheasa agus Airgead Tirim.

**Nóta B16:** Iarrfaidh cigirí ar fhostóir cion faoi Alt 2 den Acht um Íoc Pá, 1991 a chur ina cheart. Is féidir fostóirí a dteipeann orthu cloí leis an alt sin a ionchúiseamh.

**Nóta B17:** Má dhéantar taifid a iniúchadh d'fhéadfaí sárúithe na reachtaíochta fostaíochta a aithint. I gcásanna den sórt sin, tabharfar treoir don bhfostóir an scéal a chur ina cheart (lena n-áirítear nithe a bhaineann le taifid a choimeád) agus pá atá dlite agus nár íocadh, más bainteach, a íoc. Forálann reachtaíocht áirithe gur féidir imeachtaí dlí a thionscnamh chun comhlíonadh a áirithiú. Tá foráil i Rialachán 12 de I.R. Uimh. 36/2012 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine atá i mBun Gníomhaíochtaí Iompair Taistil de Bhóthar) 2012 go gcoinneoidh fostóir taifead de phatrún oibre an oibrí taistil maidir le tiomáint, obair eile, sosanna, tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus tréimhsí infhaighteachta.

**Nóta B18:** Is éard is tréimhse thagartha pá ann ná an tréimhse sin a roghnaíonn fostóir, faoina ndéantar cinneadh maidir le cibé an bhfuil fostaí ag fáil an ráta íosta náisiúnta pá nó nach bhfuil. Is féidir seachtain, coicís nó níos faide ná mí a bheith mar thréimhse thagartha pá.

**Nóta B 20:** Tá foráil in Alt 7 den Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go bhféadfaidh fostaí glacadh le híocaíocht in áit na tréimhse íosta fógra a bhaineann le foirceannadh fostaíochta an fhostaí sin.

## C. Uaireanta Oibre

**Nóta C1:** Bíonn an **Binse Achomhairc Fostaíochta** ag déileáil go príomha le hachomhairc ó chinntí chomhlachtaí eile go háirithe cinntí Coimisinéirí um Chearta nó ag forfheidhmiú na gcinntí sin. Mar sin féin, éistean an Binse gearáin a dhéantar leis go díreach maidir le cúrsaí iomarcaíochta, dífhostú éagórach agus fógra íosta. Eisíonn an Binse cinntí atá críochnaitheach, dochloíte faoi réir achomhairc chuig na Cúirteanna faoi phointe dlí.

**Nóta C2:** D'fhéadfadh sé nach mbainfeadh an teidlíocht faoi alt 11 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 i leith tréimhse laethúil scíthe nach lú ná 11 uair an chloig i ndiaidh a chéile i ngach tréimhse 24 uair an chloig i gcás gníomhaíochtaí atá clúdaithe ag rialacháin, comhaontuithe comhchoiteanna, comhaontuithe fostaíochta cláraithe nó ag orduithe rialaithe fostaíochta. I gcásanna den sórt sin, áfach, bíonn an fostaí lena mbaineann i dteideal tréimhse scíthe laethúil a bheith aige nó aici ar féidir a mheas a bheith comhionann leo siúd a bhfuil foráil fúthu in alt 11.

**Nóta C3:** Forálann Alt 12 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 go mbeidh sos a mhairfidh 15 nóiméad ar a laghad gach 4 uair an chloig agus 30 nóiméad, agus go mbeidh sos a mhairfidh 30 nóiméad ar a laghad gach 6 uair an chloig. D'fhéadfadh sé nach mbainfidh an teidlíocht i leith sosanna faoi alt 12 le gníomhaíochtaí atá clúdaithe ag rialacháin, comhaontuithe comhchoiteanna, comhaontuithe cláraithe fostaíochta nó ag orduithe rialaithe fostaíochta. I gcásanna den sórt sin, áfach, bíonn an fostaí lena mbaineann i dteideal tréimhse scíthe a bheith aige nó aici ar féidir a mheas a bheith comhionann leo siúd a bhfuil foráil fúthu in alt 12. Forálann na Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Sosanna le linn Oibre le haghaidh Fostaithe Siopa) 1998 i gcás **fostaithe siopa** a gcuimsíonn a gcuid uaireanta oibre na huaireanta ó 11:30 r.n. go 14:30 i.n. go gcaithfear sos aon uaire an chloig a thabhairt dóibh tar éis 6 uair an chloig oibre, agus go gcaithfear tús a chur leis an sos sin idir na huaireanta sin. Bíonn **oibríthe taistil iompair de bhóthar** i dteideal sosa nach giorra ná 30 nóiméad tar éis 6 uair an chloig a chaitheamh ag obair, agus sos 45 nóiméad ar a laghad a bheith acu laistigh de gach 9 n-uair an chloig a oibríonn siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair de Bhóthar) 2012 (I.R. Uimh. 36 de 2012). Bíonn **Tiománaithe traenach ar sheirbhísí trasteorann** i dteideal sosa nach giorra ná 45 nóiméad i gcás ina bhfuil a lá oibre níos faide ná 8 n-uair an chloig agus i dteideal sosa de 30 nóiméad ar a laghad nuair a bhíonn an t-am oibre idir 6 agus 8 n-uair an chloig (Rialacháin na gComhphobal Eorpach, 2009 (Dálaí Oibre Oibríthe Taistil atá ag gabháil de Sheirbhísí Comh-inoibrítheacha Tras-Teorann san Earnáil Iarnróid) (I.R. Uimh. 377 de 2009).



**Nóta C4:** D'fhéadfadh sé nach mbainfeadh an teidlíocht faoi alt 13 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 le gníomhaíochtaí atá clúdaithe ag rialacháin, comhaontuithe comhchoiteanna, comhaontuithe cláraithe fostaíochta nó ag orduithe rialaithe fostaíochta. I gcásanna den sórt sin, áfach, bíonn an fostaí lena mbaineann i dteideal sosanna ar féidir a mheas a bheith comhionann leo siúd a bhfuil foráil fúthu in alt 13. I gcás nach raibh sé indéanta tréimhse scíthe seachtainiúil 24 uair an chloig ar a laghad a chur ar fáil in aon tréimhse 7 lá, féadfaidh an Fostóir mar mhalairt ar sin dhá thréimhse scíthe 24 uaire an chloig a chur ar fáil sa tréimhse 7 lá ina dhiaidh sin).

**Nóta C5:** Faoi Alt 15 (1) den Acht um Eagrú Ama Oibre ní cheadóidh fostóir d'fhostaí a bheith ag obair níos mó ná 48 uair an chloig ar an meán in aon tréimhse thagartha pá. Féadfar a) 4 mhí nó b) 6 mhí i gcúinsí áirithe a úsáid mar thréimhse thagartha chun an meán a ríomh. Bíonn feidhm ag ceanglais shonracha in earnálacha áirithe. Ní féidir a éileamh ar thiománaithe ná ar fhoirne atá ag obair san earnáil iompair de bhóthar a bheith ag obair níos mó ná 60 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ná níos mó ná 48 uair an chloig ar an meán in aon tréimhse tagartha. Déanfaidh an meán-am oibre sheachtainiúil a bhí ag duine i rith tréimhse tagartha a chinneadh de réir na foirmle seo a -  $(A+B)$  arna roinnt ar C - i gcás gurb é A líon comhiomlán na n-uaireanta a chuimsíodh in am oibre an duine sin i rith na tréimhse tagartha; gurb é B líon na n-uaireanta an chloig a eisiadh le linn na tréimhse tagartha; agus gurb é C líon na seachtainí sa tréimhse thagartha. Cuimsíonn uaireanta eisiata neamhláithreachtaí breoiteachta agus saoire Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2012 (Iompar ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine atá i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair de Bhóthar). Is féidir iad seo a leanas a áireamh mar thréimhse thagartha sa chás seo (ag brath ar na cúinsí) 17 seachtain as a chéile, 26 seachtain as a chéile nó na tréimhsí seo a leanas; ó 1 Eanáir go 1 Bealtaine, ó 1 Bealtaine go 1 Meán Fómhair agus ó 1 Meán Fómhair - go 1 Eanáir. Ní féidir le baill foirne (den fhoireann eiltite nó den fhoireann cábáin) ar bord aerárthaí sibhialta a bheith ag obair níos mó ná 2,000 uair an chloig in aon bhliain amháin (ina mbeidh bloc-am eiltite teoranta do 900 uair an chloig) - Rialacháin na gComhphobal Eorpach, 2006 (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Taistil in Eitlíocht Shibhialta), (I.R. Uimh. 507 de 2006).

**Nóta C6:** Faoi Alt 19 agus Alt 20 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 tuilleann na fostaithe go léir, idir lán-aimseartha, pháirt-aimseartha, shealadach nó ócáideach teidlíochtaí saoire ón am a thosaíonn siad a bheith ag obair. Ag brath ar an am a oibríodh, ba cheart teidlíochtaí laethanta saoire na bhfostaithe a ríomh ar cheann de na modhanna seo a leanas:-

(a) 4 sheachtain oibre i mbliain saoire ina n-oibríonn an fostaí ar a laghad 1,365 uair an chloig (ach amháin más bliain saoire í ina n-athraíonn sé nó sí ó fhostaíocht amháin go fostaíocht eile).

(b) 1/3 de seachtain oibre in aghaidh na míosa féilire ina n-oibríonn an fostaí 117 uair an chloig ar a laghad.

(c) 8% de na huaireanta a oibríonn fostaí i mbliain saoire (ach faoi réir uasmhéid de 4 sheachtaine oibre).

Forálann Alt 20(2) den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, go n-íocfar an pá i leith saoire bhliantúil an fhostaí leis nó léi sula nglacfaidh sé nó sí an tsaoire. Tá **an fhoireann eiltite agus an fhoireann chábáin ar bord aerárthaigh sibhialta** i dteideal saoire 4 sheachtaine a laghad le pá a bheith acu mar shaoire in aon bhliain saoire. Bíonn criú den sórt sin i dteideal chomh maith laethanta a bheith

acu atá saor ó gach dhualgas agus ó fhuireachas, agus a chuirtear in iúl dóibh roimh ré, ar a mbeidh 96 lá áitiúla i ngach bliain féilire, ar féidir tréimhsí sosa a bheith san áireamh leo, agus ar a laghad 7 lá áitiúla i ngach mí féilire ar féidir tréimhsí sosa a bheith san áireamh leo sin, (Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foirne Taistil in Eitlíocht Shibhialta), 2006 - I.R. Uimh. 507 de 2006). Forálann Alt 20(2) den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 go ndéanfar an pá i leith saoire bhliantúil an fhostaí a íoc leis an bhfostaí sin sula gcuireann sé nó sí tús leis an tsaoire.

**Nóta C7:** Maidir gach lá saoire poiblí, tá fostaí i dteideal ceann amháin acu seo a leanas a bheith aige nó aici:

- (a) lá saor le pá ar an lá saoire **nó**
- (b) lá saor le pá laistigh de mhí **nó**
- (c) lá breise mar shaoire bhliantúil **nó**
- (d) pá lae bhreise faoi mar a chinnfidh an fostóir.

Má bhíonn an lá saoire poiblí ar lá a n-oibríonn an fostaí de ghnáth, bíonn an fostaí i dteideal lá saoire le pá a bheith aige nó aici an lá sin. Má bhíonn an lá saoire poiblí ar lá nach mbíonn an fostaí ag obair de ghnáth, bíonn an fostaí i dteideal an cúigiú cuid den phá seachtainiúil a bhíonn aige nó aici a fháil don lá sin nó cheachtar de (b) nó (c) thuas faoi mar a chinnfidh an fostóir. Má iarrtar ar an bhfostaí oibriú ar an lá saoire poiblí, íoctar an fostaí as na huaireanta a oibríonn sé nó sí lá sin agus bíonn sé nó sí i dteideal ceachtar de (b) (c) nó (d) thuas a fháil faoi mar a chinnfidh an fostóir. (Alt 21 agus Alt 22 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997). Maidir le hoibrí páirtaimseartha, bheadh air nó uirthi 40 uair an chloig oibre a bheith déanta aige nó aici sa tréimhse 5 seachtaine dar chríoch an lá roimh an Lá Saoire Poiblí chun aon teidlíocht a bheith aige nó aici.

**Nóta C8:** Forálann Alt 16 den Acht um Eagrú Ama Oibre nár cheart go n-éileofaí ar oibrí oíche a bheith ag obair níos mó ná 8 n-uaire an chloig i ngach tréimhse 24 uaire an chloig. I gcás oibrí nach Oibrí de Chatagóir Speisialta Oíche é nó í (.i. oibrí a ndearnadh measúnú air nó uirthi faoi alt 28(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989) meastar gurb é an meán ná 8 n-uaire an chloig arna ríomh thar thréimhse thagartha 2 mhí nó cibé tréimhse a bheidh sonraithe i gcomhaontú comhchoiteann arna cheadú ag an gCúirt Oibreachais.

**Nóta C9:** Ba cheart go bhfaigheadh fostaithe fógra faoina n-amanna tosaithe agus críochnaithe ar a laghad 24 uair an chloig roimh ré. Ní bhíonn feidhm ag an gceanglas seo ach amháin i gcás nach bhfuil an gnáth-am nó am rialta tosaithe agus críochnaithe sonraithe i gconradh fostaíochta an fhostaí, in ordú rialaithe fostaíochta, i gcomhaontú cláraithe fostaíochta nó i gcomhaontú comhchoiteann. (Alt 17(1) den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997).

**Nóta C10:** Forálann Alt 17(2) den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 go bhfaigheadh fostaithe fógra roimh ré ar a laghad 24 uair an chloig faoi aon uaireanta breise a d'fhéadfaí a éileamh orthu a bheith ag obair.

**Nóta C11:** Tá feidhm ag Alt 18 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 i gcás conarthaí ar a dtugtar 'conarthaí nialais uair an chloig' nó 'cleachtais oibre nialais uair an chloig'. Clúdaíonn sé sin cásanna ina dtarlaíonn sé, mar shampla, go gcuirtear fostaí abhaile má bhíonn rudaí ciúin nó ina n-iarrtar air nó uirthi a bheith ar fáil chun oibre agus nach n-iarrtar air nó uirthi obair a dhéanamh an lá sin. I gcás ina bhfulaíngíonn fostaí cailteanas trí gan na huaireanta oibre a iarradh air nó uirthi a chur isteach nó a bheith ar fáil le bheith ag obair, cinntíonn na forálacha maidir le huaireanta nialais uair an chloig an Achta go dtugtar cúiteamh dó nó di i leith 25% den am a raibh sé nó sí ag teastáil chun a bheith ar fáil nó 15 uair an chloig cibé acu is lú. Mar shampla, má chuireann chonradh fostaíochta an fhostaí de cheangal ar an bhfostaí a bheith ar fáil le haghaidh 48 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, beidh sé nó sí i dteideal íocaíocht íosta i leith 12 uair an chloig a fháil, fiú mura n-iarrtar air nó uirthi a bheith ag obair an tseachtain sin. Nó má iarrtar ar fhostaí a bheith ar fáil le bheith ag obair ar feadh 8 n-uair an chloig agus mura n-iarrtar air nó uirthi a bheith ag obair beidh an té sin i dteideal íocaíocht íosta a fháil i leith 2 uair an chloig.

**Nóta C12:** Tá foráil i Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2009 (Coinníollacha Oibre Oibrithe Taistil atá ag gabháil de Sheirbhísí Comh-inoibritheach Tras-Teorann san Earnáil Iarnróid) (I.R. Uimh. 377 de 2009) maidir le sosanna agus tréimhsí scíthe d'oibrithe áirithe (i.e. comhaltaí den chriú traenach, a iarrtar orthu seirbhísí idir-inoibritheacha trasteorann a dhéanamh ar feadh níos mó ná uair an chloig ar bhonn sealoibre laethúla).

**Nóta C13:** Tá foráil i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann taistil in Eitlíocht Shihialta) 2006 (I.R. Uimh. 507 de 2006) maidir le sosanna scíthe a bheith ag criúna cábáin agus eitilte ar bord aerárthaí sibhialta.

**Nóta C14:** Forálann Alt 40 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 go bhféadfaidh fostaí nó, le toiliú an fhostaí, aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí, in áit gearán a dhéanamh le Coimisinéir um Chearta faoi theip maidir le comhlíonadh saoire bhliantúil, laethanta saoire, laethanta saoire poiblí, nó faoin riachtanas pá a íoc ar scor fostaíochta, go bhféadfar a leithéid de ghearán a dhéanamh in éineacht le gearán a dhéanfar leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta faoi Fhógra Íosta, Iomarcaíocht nó Dífhostú Éagórach.

**Nóta C15:** I gcás nach bhfuil fostaí fostaíthe a thuilleadh agus má tá saoire na bliana reatha nó na mblianta roimhe sin fós gan a bheith tógtha ag an té sin, ba cheart an fostaí a chúiteamh trí phá lae breise a íoc leis nó léi in aghaidh gach lae saoire bhliantúil atá cailte. (Alt 23(1) den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997).

I gcás ina dtagann deireadh leis an bhfostaíocht atá ag fostaí i rith na seachtaine dar críoch lá roimh Lá Saoire Poiblí agus má bhí an fostaí ag obair i rith na 4 seachtaine roimh an tseachtain sin, ba cheart an fostaí a chúiteamh trí phá lae bhreise a íoc leis nó léi. (Alt 23 (2) den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997).

**Nóta C16:** Forálann Alt 16 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 nach féidir le fostóir a cheadú d'oibrí oíche, i ngach tréimhse 24 uair an chloig, a bheith ag obair níos mó ná 8 n-uaire an chloig ná 8 n-uaire an chloig ar an meán arna ríomh thar thréimhse thagartha 2 mhí, nó cibé tréimhse eile a leagfar síos i gcomhaontú comhchoiteann. Ciallaíonn am Oíche an tréimhse idir meán oíche agus 7:00 r.n. ar an lá dár gcionn. Sa mhéid is a bhaineann sé le **oibrithe taistil iompair de bhóthar** atá clúdaithe ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair de Bhóthar) 2012 (I.R. Uimh. 36 de 2012) ciallaíonn "obair oíche" aon obair a dhéantar i gcaitheamh na hoíche. Is éard a chiallaíonn "am oíche" ná a) maidir le hobair a bhaineann le feithiclí earraí, an tréimhse idir 00:00 uaire agus 04:00 uaire, agus b) maidir le hobair a bhaineann le feithiclí paisinéirí, an tréimhse idir 01:00 uaire agus 05:00 uaire. Forálann Rialacháin 2012 i gcás am oibre oibrithe iompair de bhóthar a dhéanann obair oíche in aon tréimhse 24 uaire an chloig, nach mbeidh sí níos faide ná 10 n-uaire an chloig le linn na tréimhse sin.

Má thugann coimisinéir um chearta breith faoi ghearán den sórt sin a) dearbhóidh sé go raibh nó nach raibh bonn maith leis an ngearán; b) cuirfidh sé de cheangal ar an bhfostóir cloí le forálacha na bliana 2012 de na Rialacháin seo a bheidh sáraithe; c) cuirfidh sé de cheangal ar an bhfostóir cibé méid (más ann dó) is cóir agus is cothromasach a íoc mar chúiteamh leis an bhfostaí ach gan é sin a bheith níos mó ná pá 2 bhliain.

**Nóta C17:** Maidir le breith ó choimisinéir um chearta faoi ghearán den sórt sin: a) dearbhóidh sí go raibh nó nach raibh bonn maith leis an ngearán; b) cuirfidh sí de cheangal ar an bhfostóir cloí le Rialacháin 2012 atá sáraithe; c) cuirfidh sí de cheangal ar an bhfostóir cibé cúiteamh (más ann dó) atá cóir, cothromasach a íoc ach gan é sin a bheith níos mó ná pá 104 seachtaine.

**Nóta C18:** Más tiománaí nó ball d'fhoireann atá ag obair san earnáil iompair de bhóthar agus mura dtugtar duit na sosanna a bhfuil foráil fúthu faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2012 (Iompar ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair de Bhóthar), .i. sos 30 nóiméad tar éis 6 uaire an chloig agus sos 45 nóiméad gach 9 n-uaire an chloig.

**Nóta C 19:** Más tiománaí traenach thú agus tú i mbun seirbhísí trasteorann comh-inoibritheacha agus mura dtugtar duit na sosanna a bhfuil foráil fúthu i Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2009 (Coinníollacha Oibre Oibrithe Taistil atá i mBun Seirbhísí Comh-inoibritheacha san Earnáil Iarnróid) 2009 ( I.R. Uimh. 377 de 2009), .i. sos 45 nóiméad gach 8 uair an chloig agus 30 nóiméad i gcás ina mhaireann an lá oibre idir 6 uaire agus 8 n-uaire an chloig.

**Nóta C20:** Más tiománaí nó ball de chriú thú a bhíonn ag obair san earnáil iompair de bhóthar agus más mian leat gearán a dhéanamh go bhfuil tú ag obair ar feadh breis is 60 uair an chloig in aghaidh na seachtaine nó ar feadh níos mó ná 48 uair an chloig ar an meán i dtréimhse thagartha.

## D. Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta

**Nóta D1:** Alt 3 den Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 - Caithfidh fostóir ráiteas i scríbhinn a thabhairt d'fhostaí ina mbeidh sonraí téarmaí fostaíochta an fhostaí tráth nach déanaí ná 2 mhí i ndiaidh thosach na fostaíochta.

**Nóta D2:** Féadfaidh fostaí gearán a thabhairt ag am ar bith le linn a f(h)ostaíochta agus suas le 6 mhí ó dháta foirceannta na fostaíochta.

**Nóta D3:** Forálann Alt 5 den Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 i gcás aon uair a dhéanfar athrú, nó a tharlóidh athrú, d'aon cheann de na sonraí a bhaineann le do Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta go dtabharfaidh an fostóir fógra i scríbhinn don fhostaí faoi nádúr agus dáta an athraithe tráth nach déanaí ná 1 mhí tar éis don athrú sin teacht i bhfeidhm. I gcás ina gceanglaítear ar fhostaí a bheith ag obair lasmuigh den Stát ar feadh tréimhse nach lú ná 1 mhí, tabharfaidh an fostóir lena mbaineann don fhostaí, roimh imeacht dó nó di, ráiteas i scríbhinn ina mbeidh sonraí breise. Ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le a) fostaíocht a bhfuiltear ag súil de ghnáth go n-oibreoidh an fostaí don fhostóir sin ar feadh níos lú ná 8 n-uaire in aghaidh na seachtaine b) fostaíocht ina raibh an fostaí i seirbhís leanúnach an fhostóra ar feadh níos lú ná 1 mhí.

**Nóta D4:** Tá súil ag an gCúirt Oibreachais go mbeidh an Ghearánaí tar éis scríobh chuig an bhfostóir ag leagan amach an ghearáin sula gcuirfead é faoi bhráid na Cúirte. Ba cheart cóipeanna de gach comhfhreagras ina leith seo a chur ar fáil in éineacht leis an bhfoirm ghearáin seo.

**Nóta D5:** Tá foráil i Rialachán 11 de I.R. Uimh. 36/2012 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2012 (Iompar ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine atá i mBun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair de Bhóthar) go dtabharfaidh fostóir oibrí taistil fógra don oibrí faoi fhorálacha na Rialachán sin agus faoi fhorálacha aon chomhaontú chomhchoitinn, ordú rialaithe fostaíochta nó comhaontú fostaíochta cláraithe atá ann a d'fhéadfadh baint a bheith acu leis an oibrí sin agus cóip de na Rialacháin seo agus d'aon ordú rialaithe fostaíochta nó d'aon chomhaontú cláraithe fostaíochta is infheidhme a choinneáil ar fáil lena iniúchadh ag gach tráth réasúnach.

**Nóta D6:** Tá foráil i Rialachán 12 de I.R. Uimh. 36/2012 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2012 (Iompar ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair de Bhóthar) go dtabharfaidh fostóir oibrí taistil a) cóip ar iarratas de thaifead na n-uaireanta atá oibrithe ag an oibrí, b) cibé taifid den sórt sin a bhaineann leis an oibrí taistil a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó oifigeach forfheidhmithe a chur ar fáil don té sin, agus c) cóipeanna de cibé fianaise dhoiciméadach den sórt sin atá i seilbh an fhostóra a chur ar fáil don oibrí taistil nó don oifigeach forfheidhmithe faoi mar a iarrfaidh an t-oibrí nó an t-oifigeach.

**Nóta D7.** Maidir le breith ó Choimisinéir um Chearta faoi ghearán den sórt sin a) dearbhóidh sé go raibh nó nach raibh bonn maith leis an ngearán; b) cuirfidh sé de cheangal ar an bhfostóir cloí le forálacha na Rialacháin a bheidh sáraithe; c) cuirfidh sé de cheangal ar an bhfostóir cúiteamh a íoc leis an bhfostaí cibé méid (más ann dó) is cóir agus is cothromasach ach gan é sin a bheith níos mó ná pá 104 seachtaine.

## E. Dífhostú Éagórach

**Nóta E1:** Baineann na hAchtanna le fostaithe atá os cionn 16 bliana d’aois a bhfuil seirbhís leanúnach ar a laghad 12 mhí acu cé is moite de a) garghaolta an fhostóra a chónaíonn agus a oibríonn sa teach céanna nó ar an bhfeirm céanna b) comhaltaí na bhfórsaí cosanta nó an Garda Síochána c) printísigh FÁS ar briseadh as a bpoist iad laistigh de mhí amháin ó dheireadh a bprintíseachta (Alt 6 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007). Ní bhaineann an riachtanas maidir le seirbhís 12 mí i gcás fostaithe a mbristear as a bpoist de bharr ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: a) An fhostaí a bheith ina bhall de cheardchumann b) Aon ábhar a bhaineann le toircheas, breith nó beathú cíche c) Cearta i leith saoire cosanta nó cúram breithe a fheidhmiú nó beartú iad a fheidhmiú d) Cearta i leith saoire do thuismitheoirí, saoire *force majeure* nó saoire cúramóra a fheidhmiú nó beartú iad a fheidhmiú e) Cearta maidir le saoire uchtála, nó saoire bhreise uchtála a fheidhmiú nó beartú iad a fheidhmiú. Fiú mura bhfuil seirbhís 12 mhí agat is féidir leat cás a thabhairt chuig an gCoimisinéir um Chearta faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail.

**Nóta E2:** Is féidir gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Chearta nó leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta. Ní mór cás a ghlacadh laistigh de 6 mhí ó dháta an dífhostaithe. D’fhéadfaí é sin a shíneadh go 12 mhí i gcúinsí eisceachtúla. Is féidir gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Chearta faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977-2007. Féadfaidh aon pháirtí agóid a dhéanamh faoi na hAchtanna sin in aghaidh Coimisinéir um Chearta a bheith ag éisteacht gearáin faoi dhífhostú éagórach ar choinníoll go gcuireann siad é sin in iúl i scríbhinn don Choimisinéir um Chearta, laistigh de 21 lá tar éis dóibh fógra a fháil faoin díospóid. Sa chás sin is é an an Binse Achomhairc Fostaíochta a d’éistfeadh an gearán. Má sheolann tú foirm ghearáin faoi Dífhostú Éagórach chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta agus mura dtugann tú le fios go bhfuil agóid á dhéanamh agat in aghaidh Coimisinéara um Chearta a bheith ag éisteacht an cháis, seolfar d’fhoirm ar ais chugat.

**Nóta E3:** Bíonn dífhostú inchiallaithe ann nuair a chuireann fostaí deireadh lena chonradh fostaíochta, agus fógra a thabhairt roimh ré nó gan fógra a thabhairt roimh ré, mar gheall ar an iompar a fhostóra. Ní mór a leithéid d’iompar a bheith ag an bhfostóir, áfach, go mbeadh sé réasúnach ag an bhfostaí a chonradh a fhoirceannadh gan fógra a thabhairt.

**Nóta E4:** Tá míniú na dtéarmaí seo a leanas le fáil thíos:

Go dtabharfadh an bhfostóir an post a bhí aige ar ais don fhostaí agus na téarmaí agus na coinníollacha ceanna faoina raibh sé fostaithe go díreach sular dífhostaíodh é a bheith ag dul leis agus a éileamh go n-íocfaí pá an fhostaí ó dháta an dífhostaithe.

Go dtabharfadh an bhfostóir ar ais don bhfostaí an post a bhí aige díreach sular dífhostaíodh é nó go dtabharfadh sé post eile dó a bheadh oiriúnach dó le réasún ar cibé téarmaí agus coinníollacha a bheadh réasúnach ag féachaint do na himthosca go léir.

Is féidir cúiteamh a thabhairt mar leigheas i gcás go meastar nach mbeadh ceachtar den dá réiteach eile oiriúnach. Tá sé teoranta do chaillteanas airgeadais iarbhir suas go dtí luach saothair dhá bhliain chomhlán; is féidir a áireamh mar luach saothair comhlán ní amháin costais tuarastal ach freisin na costais ó thaobh an fhostóra de maidir leis na sochair eile a chur ar fáil don fhostaí. Ní mór don

fhostaí a dhífhostaíodh fostaíocht eile a lorg tar éis dó nó di a bheith dífhostaithe agus mura ndéanfaidh sé nó sí é sin cuirfear é sin san áireamh nuair a bheidh an cúiteamh á mheas.

**Nóta E5:** Níl sé éigeantach an t-eolas breise seo a sholáthar. Tabhair faoi ndeara le do thoil, go dtabharfar cuireadh don fhreagróir nó don fhostóir faisnéis a sholáthar faoi na saincheisteanna céanna. Is é an fáth atá le heolas breise a iarradh ná le cabhrú leis an moltóir nó leis na moltóirí tuiscint a fháil ar na rudaí sin a bhfuil an dá pháirtí ar aon intinn fúthu agus cad atá faoi dhíospóid eatarthu d'fhonn éisteacht a dhéanamh nó breithiúnas a thabhairt ar an ngearán chomh tapa agus is féidir. Ní bheidh na páirtithe teoranta le linn na héisteachta don eolas a bheidh tugtha ar a gcuid foirmeacha faoi seach. Má bhíonn coimhlint idir an méid a deir na páirtithe i gcuid foirmeacha faoi seach faoi ábhar ar leith éistfidh an moltóir sa deireadh thiar le fianaise dhíreach ón dá thaobh agus déanfaidh cinneadh faoin gceist mar chuid den phróiseas breithnithe.

**Nóta E6:** Más rud é nach bhfuil 12 mhí seirbhíse déanta agat agus má chreideann tú gur dífhostaíodh tú go héagórach nó go cuiditheach agus nár dífhostaíodh thú mar gheall ar aon cheann díobh seo a leanas: Ballraíocht de Cheardchumann, Thoircheas, Do chearta i leith saoire uchtála a fheidhmiú, Do cheart i leith saoire *force majeure* a fheidhmiú, Do cheart faoin Acht um Pá fosta Náisiúnta a fheidhmiú nó do cheart faoin faoin Acht um Shaoire Cúramóra a fheidhmiú ansin tá sé de rogha agat cúiteamh a lorg trí do ghearán a tharchur chuig Seirbhís an Choimisinéara um Chearta faoin Acht Caidrimh Thionscail.

## F. Caidreamh Tionsclaíoch

**Nóta F1:** Má tá saincheisteanna nó ábhair ghearáin ann nach luíonn go cruinn leis na míreanna reachtaíochta eile féadfar déileáil leo faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail. Tá roinnt samplaí díobh liostaithe anseo. Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le Seirbhísí do Chustaiméirí Chaidreamh san Ionad Oibre ag 1890 80 80 90.

**Nóta F2:** Gearáin a dhéanamh le Coimisinéir um Chearta: Forálann Alt 13 nuair a bhíonn aighneas trádála ann agus oibrithe páirteach ann (de réir an bhrí atá leagtha amach faoi Alt 23 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990) féadfaidh páirtí sa díospóid cás a tharchur chuig an gCoimisinéir um Chearta le go dtabharfadh sé moladh faoi. Tabhair faoi deara nach féidir leo an gearán a imscrúdú má chuireann páirtí sa díospóid le fios i scríbhinn don Choimisinéir go bhfuil siad ag cur in aghaidh an chaoi go mbeadh an Coimisinéir um Chearta ag éisteacht an cháis.

**Nóta F3:** Toirmisceann Alt 8 den Acht Caidreamh Tionsclaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 fóstóir, fostaí nó ceardchumann (nó comhlacht eiscthe a bhfuil fostaí ina bhall di) ó fhostaí a íospartú nó (de réir mar a bheidh an cás) fostaí eile sa bhfostaíocht sin toisc (i) go bhfuil nó toisc nach bhfuil an fostaí ina bhall de cheardchumann nó de comhlacht eiscthe nó toisc (ii) gur ghlac nó nár ghlac an fostaí páirt in aon ghníomhaíochtaí thar ceann ceardchumainn nó comhlacht eiscthe.

## G. Idirdealú/ Comhionannas

**Nóta G1:** Déanann Oifigigh Chomhionannais an **Bhinse Chomhionannais** iniúchadh ar ghearáin faoi chúrsaí comhionannais nó idirdhealaithe trí aighneachtaí i scríbhinn ón dá thaobh a mheas mar

aon le fianaise a éisteacht (go príobháideach) agus déanann siad cinntí a bhíonn ceangailteach de réir an dlí agus foilsíonn siad iad. Ar na cinntí ar féidir leo a dhéanamh tá ordú chun cúiteamh airgid a thabhairt agus / nó gníomh sonraithe a dhéanamh.

**Nóta G2:** Is féidir gearán a dhéanamh faoi aon cheann de na naoi bhforas (is féidir níos mó ná foras amháin a lua in aon ghearán). Is iad seo a leanas na naoi bhforas: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den lucht siúil [Alt 77 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2008]. I gcás a cheapann duine go mb'fhéidir go ndearnadh leithcheal air nó uirthi, nó gur caitheadh leis nó léi ar aon bhealach eile atá mídhleathach faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, féadfaidh an té sin, más mian leis nó léi, scríobh chuig an duine nó an eagraíocht a mheasann siad a bheith ciontach as caitheamh leo go mídhleathach, ag baint úsáide as an bhFoirm EE2 ag iarraidh na faisnéise ábhartha chun cabhrú leo cinneadh á dhéanamh cé acu ar cheart dóibh cás a tharchur chuig an mBinse Comhionannais nó chun cabhrú leis nó léi a c(h)ás a fhoirmiú agus a chur i láthair. Is í EE.3 an fhoirm ar cheart don fhreagróir a úsáid chun freagra a thabhairt ar iarratas ar fhaisnéis. Níl aon dualgas ar an bhfreagróir freagra a thabhairt ar iarratas ar fhaisnéis ach is féidir tátal a bhaint as mura bhfaightear aon fhreagra.

**Nóta G3:** I gcás ina mbeidh gearán déanta le Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais, socróidh an Stiúrthóir go ndéanfar an gearán a imscrúdú agus go n-éistfear leis na páirtithe leasmhara go léir. Is go príobháideach a dhéanann an Scrúdaitheoir imscrúdú. Ag deireadh an imscrúdaithe agus na héisteachta tabharfaidh an Stiúrthóir breith agus má bhíonn sí sin i bhfabhar an ghearánaí beidh foráil ann maidir le sásamh cuí. Féadfaidh siad seo a leanas a bheith san áireamh mar shásamh, ordú le haghaidh cúitimh ó thaobh riaráistí luach saothair, ordú le haghaidh luach saothair chomhionainn, ordú le haghaidh cúitimh i leith na dtorthaí a bhí ag gníomhartha idirdhealaithe nó íospartha, ordú le haghaidh cóireála comhionainne, ordú chun gníomh faoi leith a dhéanamh nó chun an gearánaí a athcheapadh nó a athfhostú. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh an Stiúrthóir gearán a tharchur chuig Oifigeach Idirghabhála Comhionannais chun idirghabháil a dhéanamh faoi. Féadfaidh an freagróir agóid a dhéanamh ina aghaidh déileáil leis an gcás trí idirghabháil. Déanann an t-idirghabhálaí iarracht éascú a dhéanamh ar theacht ar réiteach a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de agus in-fhorghníomhaithe ag na cúirteanna. Bíonn cinntí na nOifigeach Comhionannais a eascraíonn ón imscrúdú agus ón éisteacht ceangailteach freisin ó thaobh an dlí de agus in-fhorghníomhaithe ag na cúirteanna.

**Nóta G4:** Is féidir gearán a dhéanamh faoi aon cheann de na naoi bhforas (is féidir níos mó ná foras amháin a lua in aon ghearán). Is iad seo a leanas na naoi bhforas: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

**Nóta G5:** Lena chois sin cosnaíonn na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta daoine go sonrach in aghaidh dífhostaithe nó aon drochíde eile óna bhfostóir toisc go ndearna siad gearán lena bhfostóir faoi idirdhealú a d'fhéadfadh a bheith ann, nó gur ghlac siad páirt in aon imeachtaí faoin Reachtaíocht Chomhionannais, nó go ndearna siad ionadaíocht ar ghearánach nó gur thug siad tacaíocht do ghearánach, nó gur ainmníodh iad mar chomparadóir, nó go raibh siad ina bhfianaithe i



gearán faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta nó faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, nó gur chuir siad, ar bhealach dleathach, in aghaidh gnímh a bhí mídhleathach faoi na hAchtanna seo nó gur chuir siad in iúl go raibh sé ar intinn acu aon cheann de na nithe thuas a dhéanamh. Tá sé sainráite gur íospairt atá ann má phionósaítear duine de bharr aon cheann de na fáthanna sin. Forálann na hAchtanna do ghearáin faoi íospairt a dhéanamh chuig an mBinse Comhionannais, ar an mbealach céanna is a dhéantar i gcás gearáin faoi idirdhealú, agus forálann sé go bhfuil na sásaimh chéanna le fáil. Féach alt 74 de na hAchtanna.

**Nóta G6:** Is féidir gearán a dhéanamh faoi aon cheann de na naoi bhforas (is féidir níos mó ná foras amháin a lua in aon ghearán). Is iad na naoi bhforas: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den lucht siúil [Alt 81(e) d'Acht na bPinsean 1990, arna leasú ag an Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004]

## H. Pionósú / Sceithreach

**Nóta H1:** Sonraítear in Alt 17 den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 nach ndéanfaidh fostóir fostaí a phionósú toisc gur chuir sé nó sí ar bhealach dleathach agus le hintinn mhaith in aghaidh gnímh a atá mídhleathach faoin Acht seo.

**Nóta H2:** Faoi Alt 16A den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 is féidir dífhostú, caitheamh go éagórach le fostaí agus athrú neamhfhabhrach a dhéanamh ar choinníollacha fostaíochta an fhostaí a áireamh mar phionósú.

**Nóta H3:** Forálann Alt 26 den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997 nach féidir le fostóir pionós a ghearradh ar fhostaí toisc gur chuir sé nó sí, ar bhealach dleathach agus le hintinn mhaith, in aghaidh gnímh a sháraigh forálacha An Achta um Eagrú Ama Oibre 1997 maidir le tréimhsí sosa, uaireanta oibre, saoire bhliantúil, Laethanta Saoire Poiblí nó teidlíochtaí eile atá clúdaithe ag an Acht sin. Tabhair faoi deara más rud é gurb é dífhostú an pionós a ghearradh ar an bhfostaí nach féidir faoiseamh ná sásamh a dheonú ach amháin faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 1993.

**Nóta H4:** Forálann Alt 36 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 nach féidir fostaí a phionósú de bharr ceart a fheidhmiú, nó toisc é a bheith beartaithe aige nó aici ceart a fheidhmiú faoin Acht sin, nó toisc gur chuir sé nó sí in aghaidh, nó go raibh sé ar intinn aige nó aici cur in aghaidh, ar bhealach dleathach agus le hintinn mhaith gnímh atá mídhleathach faoin Acht seo, nó toisc a bheith (nó go bhféadfadh a bheith sa todhchaí) i dteideal de réir an Achta luach saothair a fháil ag ráta pá san uair nach bhfuil ar an meán níos lú ná an ráta náisiúnta íosta pá (nó % áirithe den ráta).

**Nóta H5:** Forálann Alt 16 den Acht um Shaoire Cúramóra 2001 nach féidir pionós a ghearradh ar fhostaí toisc ceart a fheidhmiú nó toisc é a bheith beartaithe aige nó aici ceart a fheidhmiú faoin Acht sin.

**Nóta H6:** Forálann Alt 13 den Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 nach féidir pionós a gearradh ar fhostaí de bharr feidhmeanna “ionadaí fostaíthe” a chomhlíonadh de réir an Achta. Tá forálacha den chineál céanna in a) Rialacháin na gComhphobal

Eorpach 2006 (Cuideachta Eorpach Teoranta Poiblí) (Páirtíocht Fostaithe) b) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialacháin um Páirtíocht Fostaithe 2007) agus c) Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2008 (Cumaisc Thrasteorann).

**Nóta H7:**Forálann Alt 26 den Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006 nach féidir duine a phionósú de bharr gearán a dhéanamh chuig Garda nó chuig ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta nach bhfuil forálacha Acht na bliana 2006 ná an Achta um Cheadanna Fostaíochta 2003 á gcomhlíonadh, ná de bharr fianaise a thabhairt in imeachtaí faoin Acht nó faoi Acht na bliana 2003, nó de bharr fógra a thabhairt maidir le rún chun aon cheann de na gníomhaíochtaí réamhráite a dhéanamh.

**Nóta H8:**Forálann Alt 13 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe) 2003 nach féidir fostaí a phionósú de bharr aon cheart maidir le coinníollacha fostaíochta mar a fhoráiltear leis an Acht a agairt, toisc gur chuir siad ar bhealach dleathach agus le hintinn mhaith in aghaidh gnímh a atá mídhleathach faoin Acht seo, toisc fianaise a thabhairt in imeachtaí faoin Acht, nó toisc fógra a thabhairt maidir le rún chun aon cheann díobh siúd roimhe seo a dhéanamh, nó trí dhífhostú d'fhonn gan Conradh d'fhad éiginnte a thabhairt.

**Nóta H9:**Forálann Alt 62 den Acht Carthanas 2009 nach ndéanfaidh fostóir fostaí a phionósú de bharr teacht ar tuairim go bhfuil cion faoin Acht seo déanta nó á dhéanamh, nach bhfuil nó nach raibh aon fhoráil d'Acht na bliana 2009 á comhlíonadh, nó go bhfuil nó go raibh cion faoi Acht na bliana 2001 déanta nó á dhéanamh maidir le maoin de chuid eagraíochta carthanúla, nó de bharr an tuairim sin a chur in iúl, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile, chuig an Údarás Rialachán Carthanas más rud é gur ghníomhaigh an fostaí go réasúnach agus le hintinn mhaith le linn dó nó di teacht ar an tuairim sin agus í a chur in iúl don Údarás.

**Nóta H10:**Forálann Alt 26 den Acht um Cheimiceáin 2008 nach ndéanfaidh fostóir fostaí a phionósú de bharr teacht ar tuairim go bhfuil cion faoin Acht seo déanta nó á dhéanamh, nó nach raibh nó nach bhfuil aon fhoráil d'Acht na bliana 2008 á comhlíonadh, nó de bharr an tuairim sin a chur in iúl, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile, don Údarás iomchuí más rud é gur ghníomhaigh an fostaí go réasúnach agus de mheon macánta le linn dó nó di teacht ar an tuairim sin agus í a chur in iúl don Údarás.

**Nóta H11:**Forálann Alt 50(3) den Acht Iomaíochta 2002 nach ndéanfaidh fostóir fostaí a phionósú de bharr teacht ar tuairim go bhfuil cion faoin Acht seo déanta nó á dhéanamh, nó nach raibh nó nach bhfuil aon fhoráil d'Acht na bliana 2002 á comhlíonadh, agus de bharr an tuairim sin a chur in iúl, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile, don Údarás Iomaíochta más rud é gur ghníomhaigh an fostaí go réasúnach agus le hintinn mhaith le linn dó nó di teacht ar an tuairim sin agus í a chur in iúl don Údarás.

**Nóta H12:**Forálann Alt 87 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 nach ngearrfaidh fostóir pionós ar fhostaí de bharr teacht ar tuairim go bhfuil cion faoin Acht seo déanta nó á dhéanamh, nó nach raibh nó nach bhfuil aon fhoráil d'Acht na bliana 2007 á comhlíonadh, nó de bharr an tuairim sin a chur in iúl, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile, don Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

iomchuí más rud é gur ghníomhaigh an fostaí go réasúnach agus le hintinn mhaith le linn dó nó di teacht ar an tuairim sin agus í a chur in iúl don Ghníomhaireacht.

**Nóta H13:** Forálann Alt 20 den Acht um Cheartas Coiriúil 2011 nach ndéanfaidh fostóir fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt ar fhostaí, ná a chur faoi deara nó a cheadú d'aon duine eile fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt ar fhostaí (a) toisc nochtadh a dhéanamh nó toisc fianaise a thabhairt maidir lena leithéid de nochtadh in aon imeachtaí a bhaineann le cion ábhartha, ná (b) mar gheall ar fhógra a thabhairt go raibh sé ar intinn aige nó aici é sin a dhéanamh. Má bhíonn dífhostú is gceist lena leithéid de phionósú féadfar gearán a dhéanamh chuig Coimisinéir um Chearta.

**Nóta H14:** Forálann Cuid 9A Alt 55M den Acht Sláinte 2007 nach ndéanfaidh fostóir fostaí a phionósú mar gheall ar nochtadh cosanta a dhéanamh.

**Nóta H15:** Forálann Alt 38 den Acht um Iascach Intíre 2010 nach ndéanfaidh Iascach Intíre Éireann (IIÉ) fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt ar fhostaí mar gheall ar (a) gearán a dhéanamh le comhalta den Gharda Síochána nó le comhalta d'IIÉ go bhfuil foráil den Acht seo nó d'aon achtachán nó riail eile dlí sáraithe nó á sárú, (b) gearán a dhéanamh leis an Aire go bhfuil ordachán arna thabhairt aige nó aici faoin Acht seo sáraithe nó á shárú, (c) gearán a dhéanamh le comhalta d'IIÉ go raibh drochiompar tromaí eile ann i ndáil le IIÉ, (d) fianaise a thabhairt in aon imeachtaí faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile, nó (e) fógra a thabhairt á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici aon cheann de na nithe dá dtagraítear sna hailt roimhe seo a dhéanamh. Má bhíonn dífhostú is gceist lena leithéid de phionósú féadfar gearán a dhéanamh chuig Coimisinéir um Chearta.

**Nóta H16:** Forálann Alt 13B den Acht um Sheirbhísí Saothair 1987 nach dhéanfaidh fostóir fostaí a phionósú ná ní dhéanfaidh sé pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí mar gheall ar (a) gearán a dhéanamh le comhalta den Gharda Síochána nó comhalta den Fhoras go bhfuil foráil den Acht seo, nó aon achtacháin nó aon rialach eile de dhlí, sáraithe nó á sárú, (b) gearán a dhéanamh leis an Aire go bhfuil ordachán arna thabhairt aige faoin Acht seo sáraithe nó á sárú, (c) gearán a dhéanamh le comhalta den Fhoras go ndearnadh éagóiritheoireacht thromchúiseach i ndáil leis an bhForas, (d) fianaise a thabhairt in aon imeachtaí faoin Acht 1987 nó in aon achtachán eile, nó (e) fógra a thabhairt go bhfuil beartaithe aige aon cheann de na nithe dá dtagraítear sna hailt roimhe seo a dhéanamh.

**Nóta H17:** Forálann Alt 223 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 nach ndéanfaidh fostóir fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt ar fhostaí, ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfaidh aon duine eile, ná ní ligfidh sé nó sí d'aon duine eile, fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí (a) mar gheall ar nochtadh a dhéanamh nó fianaise a thabhairt maidir lena leithéid de nochtadh in aon imeachtaí a bhaineann le cion ábhartha, ná (b) mar gheall ar fhógra a thabhairt go bhfuil sé ar intinn aige nó aici é sin a dhéanamh. Má bhíonn dífhostú is gceist lena leithéid de phionósú féadfar gearán a dhéanamh chuig Coimisinéir um Chearta.

**Nóta H18:** Forálann Alt 8 den Acht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2001 nach dhéanfaidh fostóir fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfaidh

aon duine eile, ná ní ligfidh sé nó sí d'aon duine eile, fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí mar gheall ar (a) teacht ar tuairim go bhfuil cion faoin Acht 2001 déanta nó á dhéanamh agus chuir sé é sin in iúl, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile, do dhuine cuí mura rud é (i) nuair a bhí a thuairim nó a tuairim á tabhairt don duine cuí sin go raibh a fhios aige nó aici go raibh sí bréagach, míthreorach, suaibhreasach, nó cráiteach, agus é nó í meargánta i dtaobh í a bheith bréagach, míthreorach, suaibhreasach nó cráiteach, nó i dtaca le chumarsáid a thuairim nó a tuairim chuig an duine cuí, gur chuir sé nó sí eolas ar fáil a raibh a fhios aige nó aici é a bheith bréagach nó míthreorach, nó (b) mar gheall ar fhógra a thabhairt go raibh sé ar intinn aige nó aici an rud dá dtagraítear i mír (a) a dhéanamh.

**Nóta H19:**Forálann Alt 4 den Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaf 1998 nach ndéanfaidh fostóir fostaí a phionósú de bharr teacht ar tuairim (a) go raibh nó go bhfuil leanbh á ionsaí/á hionsaí, nó go raibh nó go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó/di, faillí á déanamh ann/inti, mí-úsáid ghnéasach á tabhairt dó/di, nó (b) go bhfuil dochar inseachanta déanta nó á dhéanamh do shláinte, d'fhorbairt nó do leas linbh, nó faillí inseachanta déanta nó á déanamh iontu, agus gur chur chuir sé nó sí é sin in iúl, i scríbhinn nó ar shlí eile, do dhuine cuí más rud é gur ghníomhaigh an fostaí go réasúnach agus le hintinn mhaith le linn dó nó di teacht ar an tuairim sin agus í a chur in iúl chuig an duine cuí.

**Nóta H20:**Forálann Alt 27 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 nach ndéanfaidh fostóir fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt ar fhostaí mar gheall ar (a) gníomhú i gcomhlíonadh fhorálacha reachtúla ábhartha, (b) aon dualgas a chomhlíonadh nó aon cheart a fheidhmiú faoi na forálacha reachtúla ábhartha, (c) gearán nó ionadaíocht a dhéanamh chuig a ionadaí nó a hionadaí sábháilteachta nó chuig a fhostóir nó a fostóir nó chuig an Údarás, maidir le haon ní a bhaineann le sábháilteacht, sláinte nó leas ag an obair, (d) fianaise a thabhairt in imeachtaí i leith fhorfheidhmiú na bhforálacha ábhartha reachtúla, (e) a bheith ina ionadaí nó a hionadaí sábháilteachta nó ina fhostaí nó ina fostaí a ainmníodh faoi alt 11 nó a cheapadh faoi alt 18 chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo, nó (f) faoi réir fho-alt (6), in imthosca chontúirte a gcreideann an fostaí le réasún a bheith tromchúiseach agus ar tí tarlú agus nach bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go bhféadfadh sé nó sí a sheachaint, a áit oibre nó a háit oibre a fhágáil (nó a bheartú í a fhágáil) nó, le linn don dainséar a bheith fós ann, diúltú filleadh ar a áit oibre nó ar a háit oibre nó ar aon chuid dainséarach dá áit nó dá háit oibre, nó bearta cuí a ghlacadh (nó rún a bheith aige nó aici iad a ghlacadh) chun é féin nó í féin nó daoine eile a chosaint ar an gcontúirt.

**Nóta H21:**Forálann Alt 15 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001 nach féidir fostaí páirtaimseartha a phionósú mar gheall ar aon cheart a agairt maidir le coinníollacha fostaíochta a fhoráiltear leis an Acht, toisc gur chuir siad ar bhealach dleathach agus le hintinn mhaith in aghaidh gnímh a atá mídhleathach faoin Acht seo, toisc fianaise a thabhairt in imeachtaí faoin Acht, nó de bharr fógra a thabhairt maidir le rún chun aon cheann díobh siúd roimhe seo a dhéanamh.

**Nóta H22:**Sonraítear i Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2007 (Thuairisciú Eachtraí in Eitlíocht Shibhialta) nach léireoidh fostóir aon chlaontacht i leith fostaí toisc go bhfuil tuairisc tugtha

ag an bhfostaí, chun críche na Rialachán seo, faoi eachtra a d'fhéadfadh a bheith ar eolas ag an bhfostaí.

**Nóta H23:** Sonraítear i Rialachán na gComhphobal Eorpach 2007 (Eorpach Comhoibriú Cumann) (Páirtíocht Fostaithe) nach dhéanfaidh gnóthas ábhartha pionós a ghearradh ar dhuine atá sna ceithre chatagóir atá liostaithe, de bharr a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhréir leis na Rialachán seo. Chun críocha an Rialachán seo, bíonn duine dá dtagraítear thuas pionósaithe má dhéantar é nó í:

- a. a dhífhostú nó má fhulaingíonn sé nó sí aon athrú neamhfabhrach maidir lena choinníollacha nó lena coinníollacha fostaíochta nó má chaitear go héagórach leis nó léi, (lena n-áirítear é nó í a roghnú le haghaidh iomarcaíochta), nó
- b. má fhulaingíonn sé nó sí aon ghníomh eile a dhéanfaidh dochar dá fhostaíocht nó dá fostaíocht.

**Nóta H24:** Sonraítear i Rialachán na gComhphobal Eorpach 2006 (Cuideachta Phoiblí Eorpach faoi Dhliteanas Teoranta) (Páirtíocht Fostaithe) nach dhéanfaidh gnóthas ábhartha pionós a ghearradh ar dhuine atá sna ceithre chatagóir atá liostaithe, de bharr a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhréir leis na Rialachán seo. Chun críocha an Rialachán seo, bíonn duine dá dtagraítear thuas pionósaithe má dhéantar é nó í:

- a. a dhífhostú nó má fhulaingíonn sé nó sí aon athrú neamhfabhrach maidir lena choinníollacha nó lena coinníollacha fostaíochta nó má chaitear go héagórach leis nó léi, (lena n-áirítear é nó í a roghnú le haghaidh iomarcaíochta), nó
- b. má fhulaingíonn sé nó sí aon ghníomh eile a dhéanfaidh dochar dá fhostaíocht nó dá fostaíocht.

**Nóta H25:** Forálann Alt 23 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 nach ndéanfaidh fostóir fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt ar fhostaí de bharr—

- (a) aon cheart a thugtar dó nó di leis an Acht seo a agairt,
- (b) gníomhú ar bhealach dleathach agus le hintinn mhaith i gcoinne gnímh atá neamhdhleathach faoin Acht seo,
- (c) gearán a dhéanamh le comhalta den Gharda Síochána nó leis an Aire gur sáraíodh foráil den Acht seo,
- (d) fianaise a thabhairt in aon imeachtaí faoin Acht seo, nó
- (e) fógra a thabhairt go bhfuil sé ar intinn aige nó aici aon cheann de na nithe dá dtagraítear thuas a dhéanamh.

**Nóta H26:** Féadfaidh fostaí, nó ceardchumann atá ag gníomhú thar ceann fostaí, gearán a thíolacadh do Choimisinéir um Chearta gur sháraigh fostóir an fhostaí Alt 23 den Acht um Chosaint

Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012. Ní mór gearáin a thíolacadh laistigh de 6 mhí ó dháta an tsáraithe lena mbaineann an gearán.

Is féidir gearáin a dhéanamh chuig an gCoimisinéir um Cearta laistigh de 6 mhí ó shárú ar an Achta agus má bhíonn an Coimisinéir um Chearta sásta go raibh cúis réasúnach ann maidir le mainneachtain an gearán a thíolacadh is féidir leo glacadh le gearán suas go dtí 18 mí ó dháta an tsáraithe.

**Nóta H27:**Forálann Alt 24 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 nach ndéanfaidh Fruilitheoir (.i. fostóir lena bhfuil oibrí gníomhaireachta fruilithe) fostaí a pionósú ná pionósú a bhagairt ar fhostaí gníomhaireachta de bharr—

(a) aon cheart a thugtar dó nó di leis an Acht seo a agairt,

(b) gníomhú ar bhealach dleathach agus le hintinn mhaith i gcoinne gnímh atá neamhdhleathach faoin Acht seo,

(c) gearán a dhéanamh le comhalta den Gharda Síochána nó leis an Aire gur sáraíodh foráil den Acht seo,

(d) fianaise a thabhairt in aon imeachtaí faoin Acht seo, nó

(e) fógra a thabhairt go bhfuil sé ar intinn aige nó aici aon cheann de na nithe dá dtagraítear thuas a dhéanamh.

**Nóta H28:**Féadfaidh Oibrí Ghníomhaireachta, nó féadfaidh ceardchumann thar ceann Oibrí Ghníomhaireachta gearán a thíolacadh do Choimisinéir um Chearta gur sháraigh fruilitheoir an oibrí gníomhaireachta Alt 24 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012. Is féidir gearáin a dhéanamh chuig an gCoimisinéir um Cearta laistigh de 6 mhí ó shárú ar an Achta agus má bhíonn an Coimisinéir um Chearta sásta go raibh cúis réasúnach ann maidir le mainneachtain an gearán a thíolacadh is féidir leo glacadh le gearán suas go dtí 18 mí ó dháta an tsáraithe.

**Nóta H29:** I gcás ina mbeidh gearán déanta le Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais, déanfaidh an Stiúrthóir socrú chun an gearán a imscrúdú agus go n-éistfear leis na páirtithe leasmhara. Is go príobháideach a dhéanann an Scrúdaitheoir imscrúdú. Ag deireadh an imscrúdaithe agus na héisteachta tabharfaidh an Stiúrthóir breith agus má bhíonn sé i bhfabhar an ghearánaí beidh foráil ann maidir le sásamh cuí. Féadfaidh siad seo a leanas a bheith san áireamh mar shásamh, ordú le haghaidh cúitimh a chlúdóidh riaráistí luach saothair, ordú le haghaidh luach saothair chomhionainn, ordú le haghaidh cúitimh in éifeachtaí gníomhartha idirdhealaithe nó íospartha, ordú go gcaithfear go cothrom leis an ngearánaí, ordú chun beart faoi leith a dhéanamh nó chun an gearánaí a athcheapadh nó a athfhostú. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh an Stiúrthóir gearán a tharchur chuig Oifigeach Idirghabhála Comhionannais chun idirghabháil a dhéanamh faoi. Féadfaidh an ngearánach nó an freagróir agóid a dhéanamh in aghaidh déileáil leis an gcás trí idirghabháil. Déanann an t-idirghabhálaí iarracht éascú a dhéanamh ar theacht ar réiteach a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de agus in-fhorghníomhaithe ag na cúirteanna. Bíonn cinntí na nOifigeach

Comhionannais a eascraíonn ón imscrúdú agus ón éisteacht ceangailteach freisin ó thaobh an dlí de agus in-fhorghníomhaithe ag na cúirteanna.

**Nóta H30:** Lena chois sin cosnaíonn na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta daoine go sonrach in aghaidh dífhostaithe nó aon drochíde eile óna bhfostóir toisc go ndearna siad gearán lena bhfostóir faoi idirdhealú a d'fhéadfadh a bheith ann, nó gur ghlac siad páirt in aon imeachtaí faoin Reachtaíocht Chomhionannais, nó go ndearna siad ionadaíocht ar ghearánach nó gur thug siad tacaíocht do ghearánach, nó gur ainmníodh iad mar chomparadóir, nó go raibh siad ina bhfianaithe i gearán faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta nó faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, nó gur chuir siad ar bhealach dleathach in aghaidh gnímh a bhí mídhleathach faoi na hAchtanna seo nó gur chuir siad in iúl go raibh sé ar intinn acu aon cheann de na nithe thuas a dhéanamh. Tá sé sainráite gur íospairt atá ann má phionósaítear duine de bharr aon cheann de na fáthanna sin. Forálann na hAchtanna do ghearáin faoi íospairt a dhéanamh chuig an mBinse Comhionannais, ar an mbealach céanna is a dhéantar i gcás gearáin faoi idirdhealú, agus forálann sé go bhfuil na sásaimh chéanna le fáil. Féach Alt 74 de na hAchtanna.

## I. Iomarcaíocht

**Nóta I1:** Bíonn iomarcaíocht ann nuair nach mbíonn post an fhostaí ann a thuilleadh agus nach gcuirtear duine eile in áit an fhostaí. Bíonn aon fhostaí atá 16 bliana d'aois nó níos mó agus a bhfuil seirbhís leanúnach 104 seachtaine déanta aige nó aici le fostóir i dteideal íocaíocht reachtúil iomarcaíochta a fháil sa chás sin. [Alt 7 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967].

**Nóta I2:** Ní mór gearán a dhéanamh laistigh de 52 seachtain ón dáta dar chríoch an fostaíocht (ach tá an tréimhse sin infhadaithe suas go 2 bhliain).

**Nóta I3:** Is éard atá san íocaíocht reachtúil iomarcaíochta ná ollphá dhá sheachtain in aghaidh na bliana seirbhíse suas go teorainn €600 in aghaidh na seachtaine móide pá seachtaine amháin, suim atá faoi réir na huasteorainn €600 freisin. Bíonn an íocaíocht saor ó cháin.

**Nóta I4:** Éilíonn Alt 9 den Acht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 go gcuirfeadh fostóir tús le comhairliúcháin le hionadaithe na bhfostaithe sa cás ina mbeartaíonn siad iomarcaíochtaí comhchoiteanna a thionscain. Ba cheart roinnt ceisteanna a tharraingt anuas sna comhairliúcháin mar shampla an féidir na hiomarcaíochtaí atá beartaithe a sheachaint, líon na bhfostaithe lena mbainfidh siad a laghdú nó a n-iarmaidí a mhaolú ar bhealach eile agus an bonn ar a gcinnfear cé hiad na fostaithe a bheidh iomarcach. Ba cheart tús a chur leis na na comhairliúcháin sin a luaithe is féidir agus ar a laghad 30 lá sula dífhostófar an chéad duine.

**Nóta I5:** Éilíonn Alt 10 den Acht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 go dtabharfaidh fostóir faisnéis áirithe d'ionadaí na bhfostaithe le linn an chomhairliúcháin a chaithfear a bheith ann nuair a bheartaíonn siad iomarcaíochtaí comhchoiteanna a thionscain. Áireofar sa bhfaisnéis a chuirfear ar fáil: na cúiseanna atá leis na hiomarcaíochtaí atá beartaithe; líon agus tuairisc nó catagóirí, na bhfostaithe a bhfuil sé beartaithe a dhéanamh iomarcach; líon na bhfostaithe a bhíonn fostaithe de ghnáth agus an tréimhse ina bhfuil sé beartaithe na hiomarcaíochtaí atá beartaithe a chur i bhfeidhm.

## J. Cosaint Daoine Óga ag an Obair

**Nóta J1:** Is leanbh duine atá faoi bhun 16 bliana d'aois. Féadfar leanbh atá os cionn 14 bliana d'aois a fhostú chun obair éadrom a dhéanamh lasmuigh den téarma scoile ar choinníoll nach mbíonn na huaireanta oibre níos faide ná 7 n-uaire an chloig in aghaidh an lae nó 35 uaire an chloig in aghaidh na seachtaine, nach bhfuil an obair díobhálach do shábháilteacht, sláinte agus forbairt an linbh, agus nach ndéanann an leanbh aon obair ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Féadfaidh leanbh atá os cionn 15 bliana d'aois obair éadrom a dhéanamh i rith an téarma scoile ar chuntar nach mó na huaireanta oibre ná 8 n-uaire an chloig i seachtain ar bith. [Alt 3(1) den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996]. Toirmisceann Alt 4(1) d'Acht na bliana 1996 leanbh a fhostú ar aon obair idir 8 i.n. lá amháin agus 8 r.n. an lá dár gcionn.

**Nóta J2:** Is féidir fostaithe a ionchúiseamh de bharr an chiona leanbh a fhostú go neamhdhleathach.

**Nóta J3:** Is leanbh duine atá faoi bhun 16 bliana d'aois. Féadfar leanbh atá os cionn 14 bliana d'aois a fhostú chun obair éadrom a dhéanamh lasmuigh den téarma scoile ar choinníoll nach mbíonn na huaireanta oibre níos faide ná 7 n-uaire an chloig in aghaidh an lae nó 35 uaire an chloig in aghaidh na seachtaine, nach bhfuil an obair díobhálach do shábháilteacht, sláinte agus forbairt an linbh, agus nach ndéanann an leanbh aon obair ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Féadfaidh leanbh atá os cionn 15 bliana d'aois obair éadrom a dhéanamh i rith an téarma scoile ar chuntar nach mó na huaireanta oibre ná 8 n-uaire an chloig i seachtain ar bith. [Alt 3(1) den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996]. Toirmisceann Alt 4(1) d'Acht na bliana 1996 leanbh a fhostú ar aon obair idir 8 i.n. lá amháin agus 8 r.n. an lá dár gcionn. Tá Leanaí i dteideal a) tréimhse íosta scíthe de 14 uair an chloig i ndiaidh a chéile a bheith acu i ngach tréimhse 24 uair an chloig (alt 4(2) den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996) b) tréimhse íosta scíthe 2 lá a bheith acu in aon tréimhse 7 lá (alt 4(4) d'Acht na bliana 1996) agus c) sos a bheith acu a mhairfidh 30 nóiméad ar a laghad i ndiaidh a chéile gach 4 huair an chloig (alt 4(8) d'Acht na bliana 1996).

**Nóta J4:** Is duine óg duine a bhfuil 16 bliana slán aige nó aici ach atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Ní féidir daoine óga a fhostú ach amháin más rud é a) nach n-éilítear orthu a bheith ag obair ar feadh níos mó ná 8 n-uaire an chloig in aon lá amháin nó 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine b) nach n-oibríonn siad idir 10 i.n. ar aon lá agus 6 r.n. an lá dar gcionn, nó i gcás ina bhfuil sé forordaithe ag an Aire i gcomhair gníomhaíochta áirithe nó réimse oibre, idir 11 i.n. lá amháin agus 7 r.n. ar an lá an lá dar gcionn (chomh fada is nach lá scoile an lá dar gcionn), c) go bhfaigheann siad tréimhse íosta scíthe 12 uair an chloig i ndiaidh a chéile i ngach tréimhse 24 uair an chloig d) go bhfaigheann siad tréimhse scíthe 2 lá ar a laghad in aon tréimhse 7 lá agus e) go bhfaigheann siad sos 30 nóiméad ar a laghad i ndiaidh a chéile tar éis gach 4 1/2 huair an chloig oibre. [Alt 6 (1) den Acht um Chosaint Dhaoine Óga (Fostaíocht), 1996].

**Nóta J5:** Is féidir fostaithe a ionchúiseamh de bharr an chiona leanbh a fhostú go neamhdhleathach.



**Nóta J6:** Clúdaíonn sé seo an cás ina bhfuil leanbh nó duine óg fostaithe ag beirt fhostóirí agus gur mó na huairéanta a oibríodh ná an méid a bheadh siad i dteideal a oibriú go dleathach. [Alt 10 den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996].

**Nóta J7:**Féadfar na fostóirí agus an fostaí a ionchúiseamh sa chás seo.

## K. Fógra Íosta

**Nóta K1:**Tá cur síos in Alt 4 den Acht um Fhógra Iosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 faoin bhfógra a chaithfidh fostóirí a thabhairt d'fhostaithe agus braitheann sé ar fad seirbhíse an fostaí a) ó 13 seachtaine go 2 bhliain = 1 seachtain b) ó 2 go 5 bliana = 2 sheachtain c) ó 5 go 10 mbliana = 4 seachtaine d) ó 10 go 15 bliana = 6 seachtaine e) níos mó ná 15 bliana = 8 seachtaine). Forálann Alt 7 d'Acht na bliana 1973 go bhfuil sé de cheart ag fostaithe glacadh le híocaíocht in áit fógra.

**Nóta K2:** Sonraítear in Alt 5 den Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go n-íocfaidh a fhostóir fostaí le linn na tréimhse fógra de réir téarmaí a chonradh fostaíochta agus go mbeidh na cearta céanna aige maidir le pá breoiteachta nó saoire le pá is a bheadh aige dá mba rud é nach raibh fógra tugtha faoi fhoirceannadh a chonradh fostaíochta.

**Nóta K3:**Forálann Alt 6 den Acht um Fhógra Iosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973, go bhfuil dualgas ar Fhostaithe a bhí i bhfostaíocht leanúnach ar feadh 13 seachtaine ar a laghad fógra seachtaine a sholáthar dá bhfostóir faoi fhoirceannadh fostaíochta. Má tá fógra níos faide sonraithe i gconradh fostaíochta an fostaí, ní mór an fógra sin a thabhairt. Más rud é nach n-éilíonn an fhostóir go n-oibreodh fostaí ar feadh aon chuid dá fhógra, ní mór don bhfostóir an fostaí a íoc i leith na tréimhse sin. Tabhair do d'aire má bhíonn rath ar chás ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta, ní bhíonn aon chúiteamh (sásamh) iníoctha.

## L. Aistriú Ghnóthais

**Nóta L1:**Tarlaíonn aistriú gnóthas nuair a ghlacann fostóir eile urlámhas ar ghnó nó cuid de ghnó mar thoradh ar chumasc nó aistriú. Nuair a tharlaíonn aistriú bíonn dualgas dlíthiúil ar an bhfostóir nua foireann reatha an ghnó nó na coda sin den ghnó atá i gceist a choimeád. Maidir le seirbhís fabhráithe an fostaí lena fhostóir nó a fhostóir bunaidh meastar í sin a bheith leis an bhfostóir nua. Tá an fostaí i dteideal téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a bheith aige nó aici leis an bhfostóir nua nach lú fabhar iad ná na téarmaí agus na coinníollacha sin a bhí aige nó aici leis an bhfostóir roimhe sin díreach roimh an aistriú. [Rialachán 4 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas) 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003)].

**Nóta L2:**Tarlaíonn aistriú gnóthas nuair a ghlacann fostóir eile urlámhas ar ghnó nó cuid de ghnó mar thoradh ar chumasc nó aistriú. Nuair a tharlaíonn aistriú bíonn dualgas dlíthiúil ar an bhfostóir nua foireann reatha an ghnó nó na coda sin den ghnó atá i gceist a choimeád. Ní bheidh aistriú gnóthais, gnó nó cuid de ghnóthas nó de ghnó ina chúis ann féin chun duine a dhífhostú [Rialachán 5 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas) 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003)].

**Nóta L3:** Tarlaíonn aistriú gnóthas nuair a ghlacann fostóir eile urlámhas ar ghnó nó cuid de ghnó mar thoradh ar chumasc nó aistriú. Nuair a tharlaíonn aistriú bíonn dualgas dlíthiúil ar an bhfostóir nua foireann reatha an ghnó nó na coda sin den ghnó atá i gceist a choimeád. Bíonn sé de dhualgas ar an bhfostóir reatha nó ar an bhfostóir nua a chur in iúl d'ionadaithe a bhfostaithe a) dáta an aistrithe b) cúiseanna an aistrithe c) himpleachtaí dlíthiúla an aistrithe agus d) aon rud atá á bheartú maidir leis na fostaithe laistigh de frámaí ama ar leith. [Rialachán 8 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas) 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003)].

## M. Ceadanna Fostaíochta

**Nóta M1:** Ní cheadófar do náisiúnach eachtrach a) dul i mbun seirbhís fostóra sa Stát nó b) a bheith i bhfostaíocht sa Stát ach amháin de réir cead fostaíochta arna dheonú ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta [Alt 2(1) de na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 & 2006].

**Nóta M2:** Féadfar fostaí a ionchúiseamh faoi bheith ag obair sa Stát gan cead contrártha d'Alt 2(1).

**Nóta M3:** Ní dhéanfaidh duine náisiúnach eachtrach a fhostú sa Stát ach amháin de réir cead fostaíochta arna dheonú ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta [Alt 2(2) de na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 & 2006].

**Nóta M4:** Féadfar fostóir a ionchúiseamh de bharr náisiúnach coigríche a fhostú sa Stát gan cead - contrártha le hAlt 2(2).

## N. Obair Téarma Seasta & Obair Pháirtaimseartha

**Nóta N1:** Sonraítear in Alt 9(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001 nach gcaithfear le hoibrí páirtaimseartha ar bhealach níos lú fabhar ó thaobh na gcoinníollacha fostaíochta atá aige nó aici ná le fostaí lánaimseartha inchomparáide.

**Nóta N2:** Sonraítear in Alt 6(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 nach gcaithfear le hoibrí téarma seasta ar bhealach níos lú fabhar ó thaobh na gcoinníollacha fostaíochta atá aige nó aici ná le fostaí buan inchomparáide.

**Nóta N3:** Forálann Alt 8 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe) 2003 i gcás go mbeartaíonn fostóir conradh ar théarma seasta a athnuachan, go gcuirfidh an fostóir in iúl i scríbhinn don fhostaí téarma seasta na forais oibiachtúla a chuireann bonn cirt faoi an conradh ar théarma seasta a athnuachan agus gan conradh d'fhad éiginnte a thairiscint ar a dhéanaí faoi dháta na hathnuachana.

**Nóta N4:** I gcás ina mbeidh tréimhse 3 bliana d'fhostaíocht leanúnach caite ag fostaí téarma seasta lena fhostóir nó lena fostóir, ní féidir an conradh a athnuachan ach uair amháin eile agus ní féidir aon athnuachan a bheith i gcomhair téarma níos faide ná 1 bliain. [Alt 9 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003].

**Nóta N5:** Sonraítear in Alt 10 (1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 go n-inseoidh an fostóir don fhostaí téarma seasta faoi na folúntais a bhíonn ar fáil lena chinntiú go mbeidh an deis chéanna aige nó aici is atá ag fostaithe eile post buan a fháil.

**Nóta N6:** Sonraítear in Alt 11(2) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 go ndéanfaidh fostóirí a mhéid is indéanta, breithniú ar fhaisnéis a sholáthar do d'ionadaithe na bhfostaithe maidir le hobair ar théarma socraithe sa ghnóthas.

## O. Rannpháirtíocht Fostaithe, Faisnéis agus Comhairliúchán

**Nóta O1:** Forálann Alt 8 agus Alt 10 den Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 go ndéanfaí comhaontú de thoradh caibidlíochta chun socruithe faisnéise agus comhairliúcháin a bhunú idir fostóir agus fostaí. Forálann Alt 8 agus Alt 9 d'Acht na bliana 2006 go ndéanfaí comhaontú atá ann cheana féin nó comhaontú de thoradh caibidlíochta a fheidhmiú nó go dtabharfaí léirmhíniú air chun na socruithe faisnéise agus comhairliúcháin a bhunú idir fostóir agus fostaí. Forálann Alt 10 agus Sceideal 2 d'Acht na bliana 2006 go dtabharfaí léirmhíniú ar nó go gcuirfí i bhfeidhm na Rialacha Caighdeánacha maidir le socruithe faisnéise agus comhairliúcháin idir fostóir agus fostaí nó na nósanna imeachta maidir le toghadh ionadaithe fostaithe agus baineann Alt 11 le léiriú nó feidhmiú an chórais rannpháirtíochta dhírigh sna socruithe faisnéise agus comhairliúcháin idir fostóir agus fostaí.

**Nóta O2:** Ní féidir díospóidí a chur ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais mura mbíonn teipthe ar iarrachtaí chun nósanna imeachta inmheánacha um réiteach aighnis a úsáid agus go bhfuil an díospóid curtha ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais.

**Nóta O3:** Forálann Alt 6 den Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 go ndéanfaidh an fostóir socrú chun go ndéanfar ionadaí amháin nó níos mó na bhfostaithe a cheapadh nó a thoghadh faoi Alt 6 den Acht. Sna cásanna sin gurb é cleachtas an fhostóra gabháil do chaibidlí cómhargántaíochta le haon cheardchumann nó le comhlacht eiscthe, beidh fostaithe atá ina mbaill de cheardchumann nó de chomhlacht eiscthe a dhéanann ionadaíocht ar 10 faoin gcéad nó níos mó de na fostaithe sa ghnóthas i dteideal duine amháin nó níos mó dá mbaill a thoghadh nó a cheapadh mar ionadaí na bhfostaithe chun críocha an Achta. Cinnfear líon ionadaithe na bhfostaithe (más ann dóibh) a toghfar nó a cheapfar faoin alt seo ar bhonn *pro rata* trí thagairt a dhéanamh do líon ionadaithe na bhfostaithe eile (más ann dóibh) a toghadh nó a cheapadh faoin alt seo.

**Nóta O4:** Faoi Alt 14 den Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 tá toirmeasc ar fostaithe áirithe, ar ionadaithe na bhfostaithe agus ar saineolaithe faisnéis rúnda a nochtadh d'fhostaithe eile nó do thríú páirtithe, ach amháin má bhíonn siad sin faoi réir dualgas rúndachta freisin faoin Acht. Leanann an dualgas rúndachta i ndiaidh deireadh na fostaíochta nó i ndiaidh deireadh an téarma oifige. Féadfaidh fostóir diúltú faisnéis a sholáthar nó dul i mbun chomhairliúchán i gcás go ndéanfadh a leithéid dochar mór don ghnóthas nó go mbeadh drochthionchar aige ar an ghnóthas. Diúltóidh fostóir faisnéis a nochtadh má bhíonn sé toirmisce

le haon achtachán. Ní nochtfaidh an Chúirt Oibreachais aon fhaisnéis a gheobhaidh sé faoi rún le linn imeachtaí faoi Acht 2006.

## **P. Saoire Thuismitheoireachta, Chúramóirí, Mháithreachais agus Uchtála**

**Nóta P1:**Forálann Alt 6 den Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995 go bhfuil máthair uchtála atá fostaithe nó uchtaitheoir aonair fir i dteideal tréimhse íosta 24 seachtaine de shaoire uchtála a fháil. Forálann Alt 9 an tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995 go bhfuil Athair uchtála i dteideal saoire uchtála a ghlacadh i gcás go bhfuair an Mháthair uchtála bás, beag beann ar cibé an raibh an Mháthair féin incháilithe chun saoire uchtála a bheith aici nó nach raibh. Bíonn an tAthair uchtála i dteideal an tréimhse saoire uchtála a fháil, nó a bhfuil fágtha den tréimhse sin a mbeadh an Máthair uchtála i dteideal a fháil dá mbeadh sí beo.

**Nóta P2:**Forálann Alt 8 den Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995 go bhfuil máthair uchtála atá fostaithe nó uchtaitheoir aonair fir atá fostaithe agus atá i dteideal saoire uchtála, nó atá ar saoire uchtála, i dteideal saoire bhreise ("saoire bhreise uchála") a fháil go huasmhéid 16 seachtaine. Forálann Alt 10 den Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995 go bhfuil Athair uchtála i dteideal saoire bhreise uchtála a ghlacadh i gcás go bhfuair an Mháthair uchtála bás, beag beann ar cibé an raibh an Máthair í féin incháilithe chun saoire uchtála a bheith aici nó nach raibh. Bíonn an tAthair uchtála i dteideal an tréimhse saoire uchtála a fháil, nó a bhfuil fágtha den tréimhse sin a mbeadh an Máthair uchtála i dteideal a fháil dá mbeadh sí beo.

**Nóta P3:**Forálann Alt 14 den Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994 (arna leasú ag Alt 5 den Acht um Chosaint Mháithreachais (Leasuithe,) 2004) agus arna leasú tuilleadh ag I.R. 51 de 2006 go bhfuil fostaí i dteideal, más mian léi amhlaidh, tar éis di saoire mháithreachais a ghlacadh, saoire bhreise a ghlacadh ar feadh tréimhse uasta 16 seachtaine chomhleanúnacha a thosódh díreach tar éis dheireadh a saoire máithreachais.

**Nóta P4:**Bíonn fostaí a bhfuil 12 mhí de sheirbhís leanúnach déanta aige nó aici i dteideal saoire cúramóra 104 seachtain a fháil chun cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil do "duine iomchuí" (faoi mar atá leagtha síos ag an Aire Coimirce Sóisialaí). [Alt 6 agus Alt 7 den Acht um Shaoire Cúramóra 2001]Déanfaidh fostaí a bhfuil rún aige nó aici leas a bhaint as saoire cúramóra iarratas chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí chun go ndéanfaidh Oifigeach Breithiúnachta cinneadh an bhfuil an duine a bhfuil rún ag an bhfostaí saoire chúramóra a fháil ina leith ina dhuine nó ina duine iomchuí chun críocha an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005.

**Nóta P5:**Maidir le fostaí atá ina t(h)uismitheoir nádúrtha, uchtaíoch nó uchtála linbh nó atá *in loco parentis* linbh agus a bhfuil bliain iomlán leanúnach fostaíochta curtha i gcrích aige nó aici beidh an té sin i dteideal 14 seachtaine oibre gan pá a fháil mar shaoire do thuismitheoirí. (Alt 6 agus Alt 7 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998).

**Nóta P6:**Bíonn fostaithe i dteideal saoire theoranta le pá a bheith acu i gcás géarchéimeanna teaghlaigh (nuair a bhíonn ball teaghlaigh breoite nó gortaithe). Is í an tsaoire uasta *force majeure* ar

féidir leas a bhaint as na 3 lá in 12 mhí as a chéile nó 5 lá i 36 mhí as a chéile. [Alt 13 den Acht um um Shaoire do Thuismitheoirí 1998].

**Nóta P7:**Caithfidh conradh an fhostaí ar filleadh ar an obair gan a bheith níos lú fabhair dó nó di ná an conradh faoina raibh sé nó sí fostaithe roimh an neamhláithreacht ar shaoire do thuismitheoirí. [Alt 15 agus Alt 16 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998].

**Nóta P8:** Tugann Alt 26 agus Alt 26(2) den Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994 ceart ginearálta maidir le filleadh ar an obair nuair a bhíonn an tsaoire chosantach imithe in éag. Ní mór conradh an fhostaí ar filleadh ar an obair gan a bheith níos lú fabhair di ná an ceann faoina raibh sí fostaithe díreach roimh an neamhláithreacht ar shaoire mháithreachais. Más rud é nach raibh an fostaí ag obair ina gnáthphost díreach roimh thús na saoire cosanta, ba cheart go mbeadh sí i dteideal filleadh ar a gnáthphost a luaithe agus is indéanta.

**Nóta P9:**Bíonn fostaí torrach i dteideal 26 seachtaine de shaoire mháithreachais a bheith aici. [Alt 8 den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994]. Má bheirtear an leanbh go déanach sa chaoi go bhfuil níos lú ná 4 seachtaine de shaoire mháithreachais fágtha tar éis na seachtaine sin ina mbeirtear a leanbh, féadfaidh sí síneadh a chur lena saoire mháithreachais lena chinntiú go mbeidh 4 seachtaine iomlána saor ón obair aici i ndiaidh seachtain na breithe. [Alt 12 den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994]. D'fhéadfadh fostaí a bhfuil a saoire mháithreachais glactha aici a bheith i dteideal saoire mháithreachais bhreise suas le 16 seachtaine a ghlacadh. [Alt 14 den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994].

**Nóta P10:**Forálann Alt 11 den Acht um Shaoire Uchtaíoch 1995 i gcás uchtaithe ó thar lear ina bhfuil an Mháthair uchtála tar éis bás a fháil, go bhfuil an tAthair uchtála i dteideal cuid nó iomlán na saoire breise a ghlacadh roimh lá an tsocrúcháin.

**Nóta P11:**Forálann Alt 11a den Acht um Shaoire Uchtaíoch 1995 go mbeadh am saor ón obair, gan pá a chailliúint, ar fáil d'fhonn freastal ar ranganna nó cruinnithe réamhuchtála.

**Nóta P12:**Caithfidh conradh an fhostaí ar filleadh ar an obair gan a bheith níos lú fabhair dó nó di ná an conradh faoina raibh sé nó sí fostaithe roimh an neamhláithreacht ar saoire uchtála. [Alt 15 agus Alt 16 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998]. (Alt 18 agus Alt 19 den Acht um Shaoire Uchtaíoch 1995).

**Nóta P13:** Ní mór an Doiciméad Daingnithe a bheith sínithe ag an bhfostóir agus an bhfostaí 2 sheachtain ar a laghad roimh thosach na saoire agus leagtar síos ann dáta tosaithe, fad agus leagan amach saoire an chúramóra. (Alt 10 den Acht um Shaoire Cúramóra 2001).

**Nóta P14:**Ní mór an Doiciméad Daingnithe a bheith sínithe ag an bhfostóir agus an bhfostaí 4 sheachtain ar a laghad roimh thosach na saoire agus leagtar síos ann dáta tosaithe, fad agus leagan amach na saoire do thuismitheoir. (Alt 9 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998).

**Nóta P15:** Is féidir dífhostú, caitheamh go éagórach le duine agus athrú neamhfhabhrach a dhéanamh ar choinníollacha fostaíochta an fhostaí a áireamh mar phionósú. [Alt 16A den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998].

**Nóta P16:** Tá foráil in Alt 15 agus Alt 15a den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994 do am saor a chur ar fáil, gan pá a chailliúint le haghaidh cúraim réamhbhreithe nó iarbhreithe nó an dá rud.

**Nóta P17:** Tá foráil in Alt 15b den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994 do shosanna um cothú cíche nó uaireanta oibre a laghdú ar mhaithe le cothú cíche, gan pá a chailliúint.

**Nóta P18:** Sonraítear in Alt 16b den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994 má éagann bean ar saolaíodh leanbh beo di am ar bith roimh dheireadh an ceathrú seachtain is fiche i ndiaidh a luí seoil, beidh athair an linbh (má tá sé fostaithe faoi chonradh fostaíochta) i dteideal de réir an ailt seo saoire a bheith aige óna fostaíocht ar feadh tréimhse dar críoch mar seo a leanas—

(a) má éagann an mháthair roimh dheireadh an séú seachtain déag i ndiaidh a luí seoil, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse sin, faoi réir Alt 16B, ag deireadh an séú seachtain déag, agus

(b) má éagann an mháthair ag am ar bith tar éis deireadh an séú seachtain déag, beidh deireadh leis an tréimhse, faoi réir

Alt 16A agus Alt 16B, ag deireadh an ceathrú seachtain is fiche i ndiaidh seachtain a luí seoil.

**Nóta P19:** Baineann sé seo le fostaithe atá ag iompar clainne, ar saolaíodh leanbh dóibh le déanaí nó atá ag cothú leis an gcíoch agus nach féidir iad a bhogadh go hobair eile mar gheall ar chúiseanna teicniúla nó mar gheall ar chúiseanna áirithe eile. [Alt 18 den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994].

## Q. Obair Ghníomhaireachta

**Nóta Q1:** Forálann Alt 6(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012, faoi réir aon chomhaontaithe chomhchoitinn, go mbeidh na coinníollacha bunúsacha oibre agus fostaíochta a bhfuil oibrí gníomhaireachta dteideal a bheith aige nó aici díreach cosúil leo siúd a bhfuil fostaí inchomparáide atá fostaithe ag an bhfruilitheoir i dteideal a bheith aige nó aici. Maidir le hAlt 6, ní bhaineann sé ó thaobh cúrsaí pá de le hoibrí gníomhaireachta atá fostaithe ag gníomhaireacht fostaíochta faoi chonradh buan fostaíochta, ar choinníoll, i leith na tréimhse idir tascanna agus faoi réir Chuid 3 den Acht 2000 agus aon chomhaontú fostaíochta cláraithe nó aon ordú faoin Acht Caidrimh Thionscail 1946, go n-íocann an ghníomhaireacht fostaíochta leis nó léi suim atá cothrom le suim nach lú ná leath an phá a raibh sé nó sí i dteideal a fhail i leith an taisc ba dhéanaí a bhí aige nó aici. Baineann coinníollacha bunúsacha oibre agus fostaíochta le pá, am oibre, sosanna, sosanna scíthe i rith an lae oibre, obair oíche, ragobair, saoire bhliantúil agus laethanta saoire poiblí. Níor tháinig Alt 6(1) d'Acht na bliana 2012 i bhfeidhm ar an 5ú lá de Nollaig, 2011 ach amháin sa mhéid a bhaineann le cúrsaí pá.

**Nóta Q2:** Is féidir le fostaí, nó ceardchumann thar ceann fostaí gearán a thíolacadh do Choimisinéir um Chearta (RC) gur sháraigh fostóir fostaí Alt 6(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012.

Is féidir gearáin a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Cearta laistigh de 6 mhí ó shárú an Achta agus má bhíonn an Coimisinéir um Chearta sásta go raibh cúis réasúnach ann maidir le mainneachtain an gearán a thíolacadh is féidir leo glacadh le gearán suas go dtí 18 mí ó dháta an tsáraithe.

**Nóta Q3:** Forálann Alt 13(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 nach ngearrfaidh gníomhaireacht fostaíochta táille ar phearsa aonair as socrúithe a dhéanamh maidir le fostaíocht an té sin, nuair a bheidh deireadh tagtha lena shannadh nó lena sannadh chuig fruilitheoir, faoi chonradh fostaíochta leis an fruilitheoir sin. Beidh aon duine a sháróidh an t-alt seo ciontach i gcion agus ar é a chiontú go hachomair, dlífeáir fineáil d'aicme A a chur air.

**Nóta Q4:** Is féidir le fostaí, nó le ceardchumann thar ceann fostaí gearán a thíolacadh do Choimisinéir um Chearta gur sháraigh fostóir fostaí Alt 13(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012.

Is féidir gearáin a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Cearta laistigh de 6 mhí ó shárú an Achta agus má bhíonn an Coimisinéir um Chearta sásta go raibh cúis réasúnach ann maidir le mainneachtain an gearán a thíolacadh is féidir leo glacadh le gearán suas go dtí 18 mí ó dháta an tsáraithe.

**Nóta Q5:** Forálann Alt 11 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012, go ndéanfaidh Fostóir lena bhfuil oibrí gníomhaireachta fruilithe, nuair a bheith sé nó sí ag cur in iúl dá fhostaithe nó dá fostaíche go bhfuil aon phost fostaíochta folamh leis an bhfruilitheoir, go gcuirfidh sé nó sí in iúl d'aon oibrí gníomhaireachta atá sannta de thuras na huaire do bheith ag obair don bhfruilitheoir go bhfuil an post sin folamh d'fhonn a chur ar chumas an oibrí gníomhaireachta cur isteach ar an bpost sin.

**Nóta Q6:** Féadfaidh Oibrí Gníomhaireachta, nó ceardchumann ar son Oibrí Gníomhaireachta gearán a thíolacadh do Choimisinéir um Chearta gur sháraigh an fruilitheoir Alt 11 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012.

Is féidir gearáin a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Cearta laistigh de 6 mhí ó shárú an Achta agus má bhíonn an Coimisinéir um Chearta sásta go raibh cúis réasúnach ann maidir le mainneachtain an gearán a thíolacadh is féidir leo glacadh le gearán suas go dtí 18 mí ó dháta an tsáraithe.

**Nóta Q7:** Forálann Alt 14 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 maidir le Fostóir dá bhfuil oibrí gníomhaireachta fruilithe nach gcaithfidh an té sin (an Fruilitheoir) leis an oibrí gníomhaireachta ar bhealach níos lú fabhar ná le fostaí de chuid an fruilitheora mura bhfuil forais oibiachtúla ann a thabharfadh bonn cirt maidir le caitheamh leis an oibrí gníomhaireachta ar bhealach níos lú fabhar. Áirítear ar na háiseanna agus ar na fóntais chomhchoiteanna ceaintíní nó áiseanna eile dá samhail, áiseanna cúraim leanaí, agus seirbhísí iompair.

**Nóta Q8:** Féadfaidh Oibrí Ghníomhaireacht, nó ceardchumann ar son Oibrí Ghníomhaireachta gearán a thíolacadh do Choimisinéir um Chearta gur sháraigh fruilitheoir an oibrí gníomhaireachta Alt 14 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012.

Is féidir gearáin a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Chearta laistigh de 6 mhí ó shárú an Achta agus má bhíonn an Coimisinéir um Chearta sásta go raibh cúis réasúnach ann maidir le mainneachtain an gearán a thíolacadh is féidir leo glacadh le gearán suas go dtí 18 mí ó dháta an tsáraithe.

## **R. Sonraí faoi do ghearán**

**Nóta R1:** Bain úsáid as an spás atá curtha ar fáil le haghaidh aon eolas breise a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le do ghearán, is féidir leat leathanaigh bhreise a úsáid más gá.

## **S. Dearbhú & Síniú**

**Nóta S1:** Bíonn síniú an ghearánaigh ag teastáil **i ngach cás.**